Music Generation



# Tuarascáil Bhliantúil

# 2023

# Clár Ábhair


Gluais — 3
Réamhfhocal an Chathaoirligh — 5
Brollach an Stiúrthóra Náisiúnta — 6
Misean agus Luachanna Music Generation — 8
Grianghraif den Bhliain — 10
Gníomhaíochtaí agus Aschuir — 13
Buaicphointí Cláir ar fud na Tíre — 25
Deiseanna Ambasadóra Óig agus Imeachtaí Cultúrtha Náisiúnta — 34
Spriocanna Straitéiseacha — 40
- Cáilíocht — 40
- Inbhuanaitheacht — 48
- Abhcóideacht — 53

Bord Music Generation agus Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation — 58
- Bord — 59
- Foireann — 60

Rialachas — 61
- Mar a Oibríonn an Bord — 61
- Minicíocht na gCruinnithe Boird agus Coiste — 63
- Ráiteas faoi Bhearta Bainistíochta Riosca — 63

Cúrsaí Airgeadais — 64
- Achoimre ar Fhigiúir 2023 — 64

Aguisíní — 66
- Aguisín A: Ballraíocht agus Freastal ar Chruinnithe Boird — 66
- Aguisín B: Táillí Stiúrthóra agus Speansais Íoctha le Comhaltaí Boird in 2023 — 67
- Aguisín C: Ceantair Áitiúla Rannpháirteach i gCláir agus Imeachtaí — 68



**Music Generation Loch Garman**
*Seedlings*
Grianghraf le Zena O'Brien, Zvisuals

# Gluais

## **Ciste Cruthaitheachta agus Comhair** (CCC)

Tacaíonn an Ciste Cruthaitheachta agus Comhair de chuid Music Generation le tionscadail náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a thugann deis do leanaí, dhaoine óga agus cheoltóirí gairmiúla teacht le chéile don cheol. Cómhaoinithe ag U2, Cistí na hÉireann, an Chomhairle Ealaíon agus an Roinn Oideachais.

## **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach** (FGL)

Is é Forbairt Ghairmiúil Leanúnach an téarma a úsáidtear chun cur síos ar na gníomhaíochtaí foghlama a ngabhann baill foirne dóibh chun a gcuid scileanna agus cumas a fhorbairt.

## **Coiste Stiúrtha Stiúrthóireachta** (CSS)

Soláthraíonn Grúpa Stiúrtha Music Generation – Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) fóram um chumarsáid, chomhoibriú agus chomhairliúchán idir Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation agus Stiúrthóirí BOO ar a bhfuil freagracht as cláir Music Generation laistigh dá Stiúthóireacht. Tá an bhallraíocht déanta suas de Stiúrthóirí Breisoideachais BOO agus de Thacaíocht agus d'Fhorbairt Oiliúna, Scoileanna agus Eagraíochta i dteannta le Feidhmeannacht Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation.

## **Boird Oideachais agus Oiliúna** (BOO)

Údaráis oideachais reachtúla iad Boird Oideachais agus Oiliúna. Is iad fórsa stiúrtha an oideachais agus na foghlama sa phobal áitiúil, le conairí do gach foghlaimeoir sna réimsí seo a leanas: Luathoideachas, Scoileanna Náisiúnta Pobail, Oideachas Iar-bhunscoile, Breisoideachas agus Breisoiliúint, Printíseachtaí agus Tréimhsí Oiliúna, Seirbhísí Óige, Seirbhísí Oideachais Lasmuigh agus Seirbhísí Oideachais Pobail. Tá príomhról ag Boird Oideachais agus Oiliúna ar fud na tíre sa bhainistíocht áitiúil ar Chomhpháirtíochtaí Oideachais Áitiúla Music Generation.

## **Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil** (CÁOC)

Grúpaí iad Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil de shaineolaithe, dhaoine aonair agus eagraíochtaí áitiúla a chuireann chun cinn agus a threoraíonn forbairt an chlár Music Generation ina gceantar. Stiúrtar gach CÁOC ag Údarás Áitiúil nó Bord Oideachais agus Oiliúna.

## **Oifigeach Forbartha Ceoil** (OFC)

Ceaptar Oifigigh Fhorbartha Cheoil i ngach Ceantar CÁOC de chuid Music Generation. Stiúrann siad agus déanann siad maoirseacht ar chláir oideachas sa cheol taibhléirithe le haghaidh Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil.

## **An Oifig Náisiúnta Forbartha** (ONF)

Tá sé mar aidhm ag an Oifig Náisiúnta Forbartha misean Music Generation a chomhlíonadh trí thacú le córas náisiúnta de sholáthar áitiúil oideachas ar cheol taibhléirithe trí chomhpháirtíocht straitéiseach idir daonchairdeas, an Rialtas agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil.

**Music Generation na hIarmhí**
*Big Sing*
Grianghraf le Paul Moore Photography



## **Oideachas ceoil taibhléirithe**

Tugann Music Generation oideachas ceoil taibhléirithe – is é sin réimse na foghlama gutha agus uirlise i ngach seánra agus stíl cheoil. Cuimsítear leis sin gach cur chuige agus cleachtas oideolaíoch atá oiriúnach do chultúir agus thraidisiúin cheoil agus a sholáthraíonn Oideoirí Ceoil gairmiúla. Aithníonn an Roinn Oideachais oideachas ceoil taibhléirithe mar oideachas ceoil neamh-phríomhshrutha. Cuireann oideachas ceoil taibhléirithe le agus saibhríonn sé ach ní théann sé in ionad, sholáthar an churaclam príomhshrutha ceoil sa chóras oideachais foirmiúil.

## **Pleanáil don Cháilíocht** (PfC)

Is é atá i bPleanáil don Cháilíocht próiseas comhoibritheach meabhrach a éascaíonn an fhoireann Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha in Oifig Náisiúnta Forbartha Music Generation. Stiúrtar iad i gcomhpháirt le COCÁnna chun plé le foirne áitiúla le comhthuiscint ar an gcáilíocht a chothú.

## **An Fhoireann Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha** (CTF)

Stiúrann, forbraíonn agus comhlíonann an fhoireann seo na feidhmeanna Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha de chuid Oifig Náisiúnta Forbartha Music Generation. Tacaíonn CTF le líonra náisiúnta Music Generation de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil chun cultúr d'fheabhas leanúnach a chothú, ionas go mbíonn eispéiris agus torthaí den chaighdeán is fearr ag leanaí agus daoine óga.

# Réamhfhocal an Chathaoirligh

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Music Generation le haghaidh 2023 a chur i láthair.

I Music Generation, ábhar bróid dúinn é bliain eile a bhí thar a bheith rathúil nuair a sroicheadh 8% de leanaí agus de dhaoine óga in Éirinn trí dheiseanna agus trí heispéiris spreagúla i réimse an oideachais cheoil taibhléirithe. Lasmuigh dár bhfás leanúnach ar rannpháirtíocht agus eispéiris cheoil, bliain shuntasach ab ea 2023 ar chúiseanna iomaí. Chomhoibrigh ceoltóirí óga as gach cearn den tír trasna contaetha agus teorainneacha, ghlac siad páirt i bhféilte bríomhara faoi stiúir daoine óga, agus d'oibrigh siad le healaíontóirí gairmiúla chun ceol nua a chruthú, lena gcruthaitheacht agus a gceolmhaireacht a thaispeáint.

Agus muid ag breathnú siar ár gcuid éachtaí, meabhraítear dúinn faoin tábhacht a bhaineann le cur le guthanna daoine óga ó thaobh todhchaí an déanamh ceoil a mhúnlú. Tá áthas orainn leanúint ar aghaidh lenár misean mar atá leanaí agus daoine óga a chumhachtú chun a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh trí rochtain ar, agus rannpháirtíocht in oideachas ardchaighdeáin ar cheol taibhléirithe. Creidimid in Éirinn ina thugtar deis do gach leanbh agus duine óga a saol a athrú ó bhonn trí chumhacht dhéanamh agus fhoghlaim an cheoil.

Tá comhpháirtithe Music Generation ríthábhachtach dár rath roinnte. Ní fhéadfaí obair Music Generation a dhéanamh gan tacaíocht uathu. Go háirithe ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do U2, Cistí na hÉireann, Banc Mheiriceá, an Roinn Oideachais, Music Network, agus an Chomhairle Ealaíon. Ba mhaith liom freisin aird a tharraingt ar iarrachtaí suntasacha Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil, a bhfuil príomhról ag Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) agus Údaráis Áitiúla iontu, maidir lenár gcuid spriocanna roinnte a chur ar aghaidh. Gabhaimid buíochas speisialta d'fhoirne áitiúla na n-Oifigeach Forbartha Ceoil, na Riarthóirí, na n-Oibrithe Acmhainne, agus na n-Oideoirí Ceoil as a dtiomantas agus a ngealltanas chun ár misean roinnte a chur ar aghaidh.

Freisin gabhaim buíochas le Bord agus foireann thiomnaithe an Oifig Forbartha Náisiúnta de chuid Music Generation. Baineadh amach roinnt éachtaí iontacha in 2023 agus táim ag súil lena bhfuil i ndán do Music Generation.

**Leo Blennerhassett**
Cathaoirleach

# Brollach an Stiúrthóra Náisiúnta

D'éirigh go han-mhaith le Music Generation fós i rith 2023. Agus muid ag obair i ndlúthpháirt lenár gcomhpháirtithe áitiúla ar fud na hÉireann thugamar faoinár misean mar a bhí leanaí agus daoine óga a chumhachtú trí hoideachas ceoil taibhléirithe.

Lean rannpháirtíocht ar aghaidh ag dul i méid agus 8% de na leanaí agus na daoine óga go léir in Éirinn ar fud na hÉireann ag fáil rochtana ar chláir Oideachais Cheoil agus ag glacadh páirte iontu. D'oibrigh Music Generation le 115,936 rannpháirtí cláir, agus rochtain méadaithe faoi 13.7% ó bhí 2022 ann. Ritheadh 116,682 uair an chloig de theagasc oideachais ceoil taibhléirithe agus 1,246 taibhléiriú ag leanaí agus daoine óga.

Reáchtáladh na céadta taibhléiriú agus eispéireas ceoil ar fud na tíre, agus áiríodh le roinnt buaicphointí:

- Totem ó Music Generation Ros Comáin ag oscailt an tseolta um Phlean Óige Cruthaithí 2023–2027 ag Éire Ildánach
- Breis is 100 ceoltóir óg ó Music Generation an Chláir, Music Generation Laoise agus Music Generation Thiobraid Árann ag casadh os comhair lucht éisteachta náisiúnta agus idirnáisiúnta i rith an deireadh seachtaine de cheiliúrthaí i gCeantar Fhéile Phádraig
- Music Generation Laoise "Bicycles, Boomerangs and Blue Macaws" – sraith de shé hamhrán a chum ceoltóirí óga ó Scoileanna Náisiúnta an Phaidic, Chluain Dá Thorc agus an Rátha inar iniúchadh a léirmhíniú ceolmhar uathúil ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh
- Comhpháirtíocht Music Generation le ETBI, ag tacú le Comórtas Aintiún ETBI a bronnadh ar cheoltóirí óga i Líonra Náisiúnta Foghlama Chnoc an Chuilinn / Chorcaí. Ghlac na buaiteoirí óga in eispéireas taifeadta speisialta i Windwill Lane roimh a gcéad léiriú den Aintiún roghnaithe i Halla Cathrach Chorcaí.

I gcomhthéacs ár bPlean Straitéisigh le haghaidh 2022–2026 dhíríomar ar ullmhú le agus pleanáil i gcomhair ár dtrí thosaíocht straitéiseach a chur i bhfeidhm: cáilíocht, inbhuanaitheacht agus abhcóideacht.

Chuimsigh forbairtí lárnacha sa cháilíocht straitéis cháilíochta athbhreithnithe, ar cuireadh na cúig thosaíocht chun cinn in 2023:

- Pleanáil don Cháilíocht (PfC)
- Ceiliúradh Náisiúnta 2024
- Oideachas Ceoil Taibhléirithe Taighde agus Foghlaim
- Neartú Líonra agus
- an Ciste Cruthaitheachta agus Comhair.

Ó thaobh na hinbhuanaitheachta, leanamar orainn ag cothú agus ag neartú ár gcomhpháirtíochtaí luachmhara le comhpháirtithe daonchairdiúla, rialtais agus áitiúla.

Thacaigh ár straitéis chumarsáide lenár spriocanna abhcóideachta, chun cinntiú go n-ardaímid feasacht faoinár misean trí héisteacht le leanaí agus daoine óga agus plé leo inár gcuid scéalaíochta. Mhéadaíomar ár rannpháirtíocht dhigiteach agus leanamar orainn ag múnlú ábhair chun bealaí nua agus suimiúla a aimsiú lenár dtionchar a chur in iúl. D'fhorbraíomar próisis chomhairliúcháin agus rannpháirteacha le leanaí agus daoine óga chun a dtuairimí a chur san áireamh agus an fhís á pleanáil le haghaidh imeachtaí náisiúnta 2024.

In 2023 chonacthas iarrachtaí, pleanáil agus tiomantas mór i dtreo 2024 speisialta bliain d'imeachtaí náisiúnta agus áitiúla "We are Music Generation" a chruthú. Táimid ag súil le bliain speisialta ar leith a sheoladh agus a roinnt le haghaidh na leanaí agus na ndaoine óga go léir, na n-Oideoirí Ceoil agus na gcomhpháirtithe go léir atá rannpháirteach i Music Generation faoi láthair nó a bhí rannpháirteach ann san am atá thart.

Agus muid ag féachaint siar ar éachtaí 2023, is mian liom buíochas ó chroí a chur in iúl do gach duine atá rannpháirteach i Music Generation as ár bhfís roinnte a chur ar aghaidh. Táimid ar bís le glacadh leis na dúshláin agus na deiseanna atá i ndán dúinn in 2024, agus muid ag cloí go daingean lenár ngealltanas mar atá saol daoine óga a bhunathrú tríd an gceol.

**Rosaleen Molloy**
An Stiúrthóir Náisiúnta

# Music Generation

Is é Music Generation clár náisiúnta na hÉireann um oideachas ceoil, a **athraíonn ó bhonn saol leanaí agus daoine óga**trí rochtain a thabhairt dóibh ar oideachas ceoil taibhléirithe de chaighdeán ard ina gceantar áitiúil. Chuir Music Network tús le Music Generation agus tá sé cómhaoinithe ag U2, Cistí na hÉireann, an Roinn Oideachais, agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil ina bhfuil príomhról ag Boird Oideachais agus Oiliúna.

## Fís

Creidimid in Éirinn ina thugtar deis do gach leanbh agus duine óga a saol a athrú ó bhonn trí chumhacht dhéanamh agus fhoghlaim an cheoil.

## Misean

Is é ár misean leanaí agus daoine óga a chumhachtú chun a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh trí rochtain ar, agus rannpháirtíocht in oideachas ardchaighdeáin ar cheol taibhléirithe.



**Music Generation Phort Láirge**
*Deireadh Seachtaine Chumadóirí*
*Amhrán i mBaile na Coille*
Grianghraf le Davi Matheson

# Luachanna

## Cáilíocht

Cáilíocht an eispéiris do leanaí agus dhaoine óga a chur ag croílár ár gcuid oibre.

## Éagsúlacht

Éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú: sóisialta, cultúrtha agus oideolaíoch a chleachtadh agus a chur chun cinn i ngach suíomh ina mbímid ag obair agus ina mbíonn tionchar againn.

## Comhpháirtíocht

Oibriú i gcomhar le go leor comhpháirtithe agus leas a bhaint as tionchar agus plé chun caidrimh iontaofa a fhorbairt lenár spriocanna a bhaint amach.

## Fiosracht

Éisteacht agus foghlaim; fiosrach i gcónaí faoi conas déanamh níos fearr, ligean lenár smaointe, fáilte a chur roimh thaighde agus nuálaíocht agus pleanáil go straitéiseach.

## Cuntasacht

Cloí le caighdeáin arda de thrédhearcacht, de chuntasacht agus d'éifeachtacht, gealladh d'fhás inbhuanaithe, agus bheith gníomhach maidir lenár gcuid freagrachtaí don chomhshaol. Léigh níos mó faoi Phlean Straitéiseach Music Generation 2022–2026.

**Plean Straitéiseach 2022–2026**




**Music Generation Ros Comáin**
*Féile Oíche agus Lae*
Grianghraf le Brian Farrell

# Grianghraif den Bhliain



**Music Generation Chill Chainnigh**
*Ceardlann Luathbhlianta*
Grianghraf le Brownes Photography






**Music Generation Chontae Luimnigh**
*Buscáil Nollag an Chaisleáin Nua*
Grianghraf le Three.By.Eight

**Music Generation Laoise**
*Bicycles, Boomerangs and Blue Macaws*
Grianghraf le Alf Harvey



**Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin**
*A Deep Ravine*
Grianghraf le Lorcan Doherty




**Music Generation Chathair Chorcaí**
*Cór Lámh*
Grianghraf le Seán Downey



**Music Generation Uíbh Fhailí**
*Oscailt Ionad Ealaíon na hEascrach le Tolü Makay*
Grianghraf le Paul Moore Photography



**Music Generation Ros Comáin**
*Guthanna Sinsearacha Óige*
Grianghraf le Brian Farrell



**Music Generation Cheatharlach agus Music Generation Chathair Chorcaí**
*Music @ Mount Leinster*
Grianghraf le DGM Photographic

> "Rud an-simplí atáimid ag iarraidh a dhéanamh. Níl uainn ach déanamh cinnte go bhfaigheann **gach duine**, beag beann ar a gcúlra, **rochtain ar theagasc ceoil**. Sin an smaoineamh."

Bono, U2



**Music Generation an Longfoirt**
*Clár Luathbhlianta*
Grianghraf le Rachel Berry

# Gníomhaíochtaí agus Aschuir




1

# 8%

de **na leanaí agus na daoine óga go léir in Éirinn** rochtain ar ghníomhaíochtaí Music Generation



2

# 513

**Sholáthair Oideoir Ceoil** cláir Music Generation in 2023

# Súil Siar ar **an mBliain 2023**

# 116, 682

Soláthraíodh 116,682 uair an chloig de theagasc **san oideachas ceoil taibhléirithe in 2023**



3

# 115,936

**Rannpháirtí Cláir**



4

# 1,246

Reáchtáladh 1,246 taibhléiriú **Music Generation** le leanaí agus daoine óga in 2023



5

# 45

**Múineadh 45 sheánra ceoil** ar ár gcuid clár Music Generation

1 – **Music Generation Shligigh** *Oíche Chultúir 2023*, Grianghraf le Carl Brennan

2 – **Music Generation Thiobraid Árann** *Féile Ealaíon Junction Chluain Meala*, Grianghraf le John D Kelly Photography

3 – **Music Generation an Chláir** *Féile Phádraig* Grianghraf le Dave Keegan

4 – **Music Generation Chontae na Gaillimhe** *Ceolfhoireann Ucailéile na Gaillimhe*, Photo by XPOSURE

5 – **Féile Ceoil Óige Subsounds** Grianghraf le Chiznics Photography




# Rannpháirtíocht

D'oibrigh Music Generation le 115,936 rannpháirtí cláir in 2023, ar fud 28 Limistéar CÁOC. Léiríonn an figiúr sin fás leanúnach Music Generation agus a shíneadh isteach i gceantair nua den tír.

D'oibrigh Music Generation le 8.3% de na leanaí leanaí agus daoine óga go léir in Éirinn.


**Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath**
*Campaí Samhraidh DJ*
Grianghraf le Kieran McGuinness

## Líon Iomlán na Rannpháirtithe Bliantúla sa Chlár



## Aoiseanna na Rannpháirtithe Cláir

Tá an cion is airde de rannpháirtithe cláir i measc aoisghrúpa na mBlianta Sóisearacha (7–12 bhliain).






# Uaireanta Teagaisc

Bhí méadú 8.97% ar líon na n-uaireanta teagaisc a tugadh in 2023.

**Music Generation Laoise**
*Bicycles, Boomerangs and Blue Macaws*
Grianghraf le Alf Harvey

## Iomlán na n-Uaireanta Teagaisc





I rith na paindéime in 2020, bailíodh faisnéis faoi uaireanta teagaisc ar bhealach difriúil. In áit na n-uaireanta teagaisc le haghaidh na bliana sin a iomlánú, rinneadh monatóireacht ar an meánteagasc seachtainiúil ag trí phointe ama. Mar gheall ar an difríocht sin, níl iomlán na n-uaireanta teagaisc le haghaidh 2020 san áireamh sa ghraf seo.

# Béim, Formáidí agus Seachadadh Cláir

## Fad na gClár

Maireann an cion is mó de chláir Music Generation idir 20–30 seachtain; cláir teagaisc bliana-iomláine a thugtar orthu.






**Féile Ceoil Óige Subsounds**
Grianghraf le Chiznics Photography


## Seánra

Thug Limistéir LÁOC tuairisc go raibh 45 chineál sainiúil seánra ag gabháil leis na cláir, méadú de 12 ó 2022. Thug aon chéad is ceathracha-seacht (247) de na cláir tuairisc ar bhéim seánra aonair a bheith acu ach bhí meascán de sheánraí ar fáil sa chuid is mó de na cláir, agus iad treoraithe ag aidhm an chláir. Áirítear le samplaí de na cineálacha cláir ina bhfaightear meascán seánraí:

- **Buneolas nó Réamhuirlis**
- **Podchraoladh**
- **Teicneolaíocht Cheoil**
- **Taifeadadh agus Léiriú**
- **An Focal Labhartha**
- **Cumadh**
- **Rapcheol**
- **Déanamh Ceoil Chruthaithigh**
- **Amhránaí-Cumadóir Amhrán**



**Music Generation an Chláir**
*Féile Phádraig*
Grianghraf le Dave Keegan


Popcheol
43.10%
Rac-cheol
24.14%
Traidisiúnta
21.64%
Clasaiceach
15.09%
Popcheol agus Ceol Nua-Aimseartha
14.88%
Luathóige
10.3%
Ceol Tíre
8.02%
Snagcheol
4.16%
Práis
4.06%
Rapcheol agus Hip Hop
3.75%
Leictreonach
1.77%
Ceol Tíre
1.35%



# Ionaid Uathúla

Thuairiscigh Limistéir CÁOC Music Generation gur oibrigh sé i 1,318 ionad uathúil in 2023. Méadú 13.4% é sin.

Tá an cion de chineálacha ionaid a bhí á n-úsáid inchomparáide leis na blianta roimhe. Ba ionann suíomhanna bunscoile agus an cion ab airde d'ionaid a úsáideadh, ag 53.9%, is ionann sin agus méadú 0.5% ó 2022. Ina dhiaidh sin tá suíomhanna iar-bhunscoile ag 10.7%, laghdú 0.7% ó 2022, agus ionaid óige ina dhiaidh sin ag 6.6%. Is ionann sin agus méadú 0.1% ó 2022.

**Music Generation Phort Láirge**
*Deireadh Seachtaine Chumadóirí Amhrán i mBaile na Coille*
Grianghraf le Davi Matheson

Thuairiscigh Limistéir CÁOC Music Generation gur **oibrigh sé i 133 meánscoil uathúil**
Is ionann sin agus 22.98% de na bunscoileanna go léir sa Stát méadú 3.98% ó 2022.

Thuairiscigh Limistéir CÁOC Music Generation gur oibrigh sé i **142 meánscoil uathúil**
Is ionann sin agus 19.7% de na meáncoileanna go léir sa Stát, méadú 1.7% ó 2022.

Freisin d'oibrigh Music Generation i **17.4% de na scoileanna speisialta (24 de 138)**
sa Stát. Laghdú 2.6% é sin ó 2022.

# Fórsa Saothair agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

## Fórsa Saothair

Sholáthair 513 Oideoir Ceoil cláir in 2023. Méadú 1.58% é sin i gcomparáid le 2022.

D'eagair fiche-cúig Limistéar CÁOC de chuid MG 514 cuairt ag 204 aoi-cheoltóir gairmiúil (nó ó ensemblenna i roinnt cásanna).



**Music Generation Cathair Luimnigh**
*One Day in May*
Grianghraf le Dominik Kosicki




## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Tugadh 3.798 uair an chloig de FGL d'Oideoirí Ceoil sna Limistéir CÁOC. Is ionann sin agus méadú de 2,471.58 uair an chloig (186.3%) in 2023. I measc na n-ábhar agus na réimsí béime ba choitianta le haghaidh na hoiliúna bhí:

**Cáilíocht**

**Pleanáil Clár**

**Oideolaíocht**

**Seánra**

**Oiliúint Uirlise**

**Music Generation Cheatharlach**
*Vocal Playshop Muine Bheag*
Grianghraf le DGM Photography



**Music Generation an Chláir**
*Féile Phádraig*
Grianghraf le Dave Keegan

**Music Generation an Chláir**
*Ceolfhoireann Consairtín na hÉireann*
Grianghraf le Dave Keegan



“ Eispéireas osréalach a bhí ann i ndáiríre, bheith suas ar an stáitse agus ag seinm leis an gceolfhoireann. Is breá liom na foinn a chasadh beo. Is iontach é na foinn is aoibhinn leat a chasadh os comhair slua.”

Kate, Ceoltóir Óg, **Music Generation an Chláir**



**Music Generation an Chabháin/ Mhuineacháin**
*A Deep Ravine*
Grianghraf le Lorcan Doherty

# Buaicphointí Cláir ar fud na Tíre

## Ceatharlach

D'óstáil Music Generation Cheatharlach "Music at Mount Leinster" féile inar ceiliúradh an ceol traidisiúnta. Ag an imeacht cúig-lae tháinig ceoltóirí as gach cearn den tír le chéile le haghaidh ceardlann, seisiún agus taibhléirithe. Tar éis bhriseadh trí-bliana mar thoradh ar an bpaindéim, athdhearadh gnéithe den fhéile chun níos mó spéise agus rannpháirtíochta a spreagadh. Mar thoradh air sin cruthaíodh ensemble nua óige don fhéile in 2023. Spreag an t-ardán nua níos mó rannpháirtíochta ó cheoltóirí óga agus thug sé spás dóibh le comhoibriú agus casadh le chéile. I rith na féile, thug ceoltóirí traidisiúnta oilte treoir agus oiliúint do na ceoltóirí óga. Dúnadh an fhéile le trí cheolchoirm ag ar chas Oideoirí Ceoil, Ensemblenna Sóisearacha agus Sinsearacha. Breathnaigh ar léiriú anseo.

## An Cabhán/Muineachán

Chuir an Cheolfhoireann Ceoil Tíre Óige Trasteorann de chuid Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin i láthair "A Deep Ravine: Reflections on a Divided Ireland". Bhí an tsraith cheoil sin ina chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán 2023. Léiríodh leis an saothar sin an saol ag an teorainn agus tugadh léargais ar dheireadh ré na críochdheighilte in Éirinn. Bhí an Cheolfhoireann Ceoil Tíre déanta suas de 100 ceoltóir óg as an gCabhán, as Muineachán, Tír Eoghain, Fear Manach, Albain agus as an Úcráin. Tógadh le chéile daoine óga as cúlraí ceoil éagsúla lenar áiríodh ceol traidisiúnta, ceol tíre, rac-cheol agus ceol clasaiceach. Chum agus stiúir Michael Rooney "A Deep Ravine: Reflections on a Divided Ireland" agus ba é an scríbhneoir Tommy McArdle a scríobh an script. Reáchtáladh an chéad thaibhiú domhanda sa Spiegeltent i bPáirc Hilton i gCluain Eois, Contae Mhuineacháin. Faigh níos mó eolais faoina n-eispéireas anseo.

## An Clár

Chuir Music Generation an Chláir i láthair a gcéad "Féile Ceoil Tíre. Ghlac breis is 100 ceoltóir óg páirt san fhéile. D'óstáil foireann ceoltóirí gairmiúla seisiúin ghrúpa bheaga chun cabhrú leis an ceoltóirí óga a gcuid scileanna a fhorbairt maidir le teicnící cumadóireachta agus uirlise. Freisin chothaigh siad muinín trína gcuid léirithe ar an stáitse le ceoltóirí gairmiúla. Ag an léiriú finale chas aoi-cheoltóirí agus ceoltóirí óga le chéile san Old Ground Hotel in Inis a bhí lán go doras.

## Cathair Chorcaí

Chuir Music Generation Chathair Chorcaí Cór Lámh i láthair "Crazy World" trí cheol agus tríd an teanga chomharthaíochta Lámh. Tugann tionscnamh Chór Lámh rochtain do dhaoine óga de gach cumas chun páirt a ghlacadh sa cheol ar bhealach spraíúil agus réchúiseach. Tríd an gceol agus an teanga chomharthaíochta Lámh a mheascadh, cuireann an tionscadal chun cinn cuimsitheacht agus cruthaitheacht. Tháinig ceoltóirí óga ó Scoil an Divine Child, Ionad Lavanagh agus Scoil Ursula le chéile chun leagan speisialta a léiriú den amhrán clasaiceach ó Aslan "Crazy World". Tiomnaíodh é don scríbhneoir agus don léiritheoir, Christy Dignam. Cliceáil anseo chun breathnú ar a léiriú.

## Cathair Bhaile Átha Cliath

Thosaigh Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath ag obair le hIonaid Imirceach, Dídeanaithe agus Soláthair Dhírigh ar fud na cathrach. Bhí deis ag daoine óga agus a dteaghlaigh páirt a ghlacadh i gcláir cheoil sheachtainiúla. Áiríodh leo siúd cumadóireacht amhrán, léiriú ceoil agus seisiúin uirlise grúpa. D'oibrigh Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhpháirt le Bohemians FC chun a chuid clár for-rochtana i lár na cathrach a fheabhsú. Is í aidhm an tionscadail chomhpháirtíochta nua dul i dteagmháil le leanaí faoi mhíbhuntáiste agus leanaí atá leithlisithe go sóisialta sa phobal agus beidh sé ag méadú fós i 2024.




**Music Generation Chathair Chorcaí**
*Music Gives Me a Reason*
Grianghraf le Claire Keogh

## Dún Laoghaire — Ráth an Dúin

In 2023, rinneadh athbhreithniú straitéiseach ar Music Generation dlr tar éis gur críochnaíodh a chéad chéim forbartha (2019–2022). Mar thoradh air sin rinneadh athstruchtúrú agus ghabh DDLETB do ról an phríomhpháirtí don chéad chéim fhorbartha eile ó 2024. Cuireadh tús le pleanáil don chéad chéim eile, agus díreoidh cláir ar rochtain a chruthú do leanaí agus dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste. Beidh na cláir sin ag teacht le cuspóirí DDLETB, Comhairle Contae dlr, agus Plean Forbartha Óige an Chontae.

## Fine Gall

Leathnaigh Music Generation Fhine Gall a chlár Rhapsody do cheithre hionad nua i gContae Fhine Gall. Is í aidhm an chláir rochtain chuimsitheach a chruthú do dhaoine óga 12-18 mbliana d'aois, as gach cúlra. Bíonn cruinniú ag gach grúpa le hOideoirí Ceoil gach bliain chun amhrán úrnua a chumadh agus a thaifeadadh. Tá an clár Rhapsody curtha in oiriúint do réimsí spéise gach grúpa. Leis an gcur chuige sin cruthaítear áit shábháilte faoi stiúir daoine óga ina bhféadann rannpháirtithe scileanna sóisialta agus cumadóireachta amhrán a fhorbairt. Chas grúpa Rhapsody Bhaile Brigín a n-amhrán úrnua den chéad uair ag Féile Ceoil Óige SubSounds. Faigh amach níos mó faoin gclár anseo.



## Cathair na Gaillimhe

Chuir Music Generation Chathair na Gaillimhe i láthair Mic Oscailte Óige Misleor in Ionad Uí Dhonnchadha in Ollscoil na Gaillimhe. Bhí an tionscnamh mic oscailte sin mar chuid d'Fhéile na gCultúr Siúlach Misleor ag Gluaiseacht Lucht Taistil na Gaillimhe. Déanann an fhéile ceiliúradh ar chultúir agus thraidisiúin pobal siúlach. D'óstáil an t-Oideoir Ceoil agus an t-alumnus PJ Mongan agus an rannpháirtí Francis Ward an ócáid iarnóin sin. Chas an bheirt le chéile agus d'éascaigh siad go leor léirithe mic oscailte ag an lucht freastail. Mar chuid den imeacht freisin bhí léiriú ag Bunscoil Radharc na Mara atá mar chuid den tionscadal "Music in Nature" de chuid Music Generation Cathair na Gaillimhe. Tar éis dóibh an ócáid rathúil Mic Oscailte a óstáil do Misleór, bronnadh gradam ar PJ agus Francis sa chatagóir cheoil ag Gradaim Bhróid an Lucht Taistil 2023 as an obair den scoth a rinne siad don fhéile. Níos mó eolais anseo.

## Contae na Gaillimhe

Thóg Ceolfhoireann Ucailéile na Gaillimhe, tionscnamh ag Music Generation Contae na Gaillimhe le chéile 450 seinnteoir ucailéile óg chun cleachtadh, agus taifeadadh a dhéanamh in Ollscoil na Gaillimhe. Thug na ceoltóirí gairmiúla Mikey Maloney agus Martin McDonnell tacaíocht don cheolfhoireann Bhí na léiritheoirí óga mar chuid de chláir áitiúla ucailéile de chuid bunscoileanna áitiúla ar fud Chontae na Gaillimhe. Ghlac léiritheoirí óga ó Sheirbhísí Óige agus chláir phobail eile páirt freisin sa léiriú uathúil sin. Bunaíodh Ceolfhoireann Ucailéile na Gaillimhe mar bhealach do cheoltóirí óga as ionaid éagsúla ar fud na Gaillimhe le canadh agus seinm le chéile. Faigh níos mó eolais anseo.

**Music Generation Fhine Gall**
*Clár Rhapsody*
Grianghraf le Natenael Abi Negash




## Ciarraí

Bhí ceoltóirí óga ó Music Generation Chiarraí ina bpríomhaíonna ag Féile Thrá Lí 2023. Léirigh an "Youth Wind Ensemble", an "Young Strings Ensemble", agus bannaí ó "Thionscadal Bhanna Thrá Lí" ag an bhféile 5-lá. Buaicphointe don "Youth Wind Ensemble" ab ea a léiriú le haghaidh na Roses and Rosebuds i Siamsa Tíre. D'ullmhaigh siad agus chas siad leagan a bhí de "The Rose of Tralee" a bhí cóirithe go speisialta don ócáid. In éineacht leis an "Young Strings Ensemble" ag a léiriú ar an bpríomhstáitse bhí an t-aoi-veidhleadóir Hannah O'Shea, stiúrthóir Cheolfhoireann Óige Náisiúnta na hÉireann, ag a léiriú ar an bpríomhstáitse.

**Music Generation Chiarraí**
*Féile Thra Lí Chiarraí*
Grianghraf le Pauline Dennigan

## Cill Dara

Sheol Music Generation Chill Dara sraith phíolótach de "Champaí Samhraidh Ceoil". Chuimsigh sé trí champa le haghaidh leanaí agus daoine óga 0–18 mbliana d'aois. Le haghaidh leanaí óga (0–6), reáchtáladh ceardlanna ceoil i gcomhpháirt le Seirbhís Leabharlainne Chill Dara. D'fhiosraigh rannpháirtithe amhránaíocht, ceol, cnaguirlisí, agus cluichí ceoil. Fuair ceoltóirí óga (7-12) blaiseadh d'uirlisí agus de ghníomhaíochtaí ceoil éagsúla i gcaitheamh ceithre lae i gceithre hionad ar fud an chontae. Tugadh cuireadh do cheoltóirí óga (12–18) páirt a ghlacadh i gclár píolótach "Sraith Ceardlann Snagcheoil". Rinne an clár iniúchadh ar Thobchumadóireacht, chumadóireacht agus léiriú snagcheoil. Mar thoradh ar an tsraith phíolótach cruthaíodh Ensemble Jazz "Teen Spirit". Breathnaigh ar chuid de na seisiúin jeamála anseo.

## Cill Chainnigh

Léirigh Music Generation Chill Chainnigh "Tradcamp 2023" i gcomhpháirt le Music Generation Thiobraid Árann. Tháinig ceoltóirí óga as an dá chontae le chéile ar feadh cúig lae chun scileanna nua a fhoghlaim agus léiriú i suíomh grúpa. Stiúradh iad ag an aoi-cheoltóir Richie Delahunty a chasann uirlisí iomaí. Bhain Richie amach craobh na hÉireann roimhe seo agus is ball é den bhanna ceoil tíre cáiliúil Moxie. Chríochnaigh an campa le dhá léiriú speisialta ag Féile Ealaíon Clonmel Junction agus Músaem an Mhíle Mhílaoisigh i gCill Chainnigh. Cliceáil anseo chun breathnú ar an ngrúpa i mbun ceoil.

# Laoise

Stiúir Music Generation Laoise tionscadal nua cumadóireachta amhráin do leanaí "Bicycles, Boomerangs and Blue Macaws" i gcomhpháirt le hÉire Ildánach agus leis an gComhairle Ealaíon. D'oibrigh na cumadóirí Lorna McLaughlin agus Sarah Murphy le 110 leanbh as trí bhunscoil chun sraith de shé hamhrán a chruthú dar teideal "Bicycles, Boomerangs and Blue Macaws". Spreagadh na hamhráin ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh. Baineadh úsáid as Samhail Rannpháirtíochta Lundy (2007) chun guth gach linbh a éascú agus a chumhachtú le linn an phróiseas cumadóireachta amhráin. Tháinig an tsraith nua amhrán chun cinn go horgánach, agus smaointe, focail, abairtí is línte ceoil roinnte ag gach leanbh. Bhí smaointe na leanaí ag croílár an tionscadail. Reáchtáladh an léiriú premiere i The Malthouse in sa Sráidbhaile. Léiríodh an tsraith ag na cumadóirí óga as Scoileanna Náisiúnta Chluain Dá Thorc, an Phaidic agus na Rátha i gContae Laoise, agus tacaíocht acu ó fhoireann Oideoirí Ceoil. Níos mó le feiceáil anseo.

# Cathair Luimnigh

Chun deich mbliana de chláir a cheiliúradh, d'eagair Music Generation Cathair Luimnigh féile aon-lá darbh ainm "One Day in May". Ghlac 40 grúpa ar cheithre stáitse páirt san imeacht a reáchtáladh i Dolan's. Ba í aidhm na féile ceiliúradh a dhéanamh ar an gcruthaitheacht ar stíl chuimsitheach féile. Thaispeáin an clár, a d'oscail an réalta hip-hop Denise Chaila, léiritheoirí as Music Generation Chathair Luimnigh, Music Generation Chorcaí, Music Generation an Chláir, Music Generation Laoise, agus Music Generation Phort Láirge. Tháinig rannpháirtithe as cúlraí ceoil éagsúla, lenar áiríodh popcheol, rac-cheol, ceol tíre, snagcheol, ceol traidisiúnta agus ceol clasaiceach. Fuair na ceoltóirí óga sin tacaíocht ó ealaíontóirí gairmiúla a bhí comhcheangailte leis an bhfoireann Oideoirí Ceoil de chuid Music Generation Chathair Luimnigh. Breathnaigh ar bhuaicphointí "One Day in May".

# Liatroim

Rith Music Generation Liatroma tob-cheardlanna ar dhrumadóireacht buicéid agus cnaguirlisí i mbunscoileanna agus meánscoileanna ar fud an chontae. I rith na gceardlann sin, d'fhoghlaim leanaí agus daoine óga na gnéithe bunúsach den drumadóireacht bhuicéid agus de chnaguirlisí eile agus chas siad amhráin. Chríochnaigh an cheardlann le léiriú d'amhrán nua a forbraíodh in éineacht leis an mbanna agus le drumadóireacht bhuicéid agus ceol cnaguirlise. Breathnaigh ar cheann dá gcuid ceardlann ar dhrumadóireacht bhuicéid anseo.



**Music Generation Liatroma**
*Lá na hEorpa*
Grianghraf le Brian Duignan Photography

## Contae Luimnigh

Thug Music Generation Chontae Luimnigh isteach a chéad shraith de Mhoil Phobail i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla. Cuireadh tús leis na moil sin le clár píolótach sa Chaisleán Nua agus ina dhiaidh sin leathnaíodh é chun pobail i gCaisleán Uí Chonaill, in Eas Géitine, i Ráth Caola, agus i gCill Mocheallóg a chur san áireamh. Tugann gach mol ceardlanna ar an léiriú cruthaitheach chomh maith le himeachtaí pobail beo. Óstálann Mol an Chaisleáin Nua anois ócáid bhliantúil bhuscála um Nollaig, agus é beartaithe go mbeidh na moil phobail nua go léir rannpháirteach in 2024. Foghlaim níos mó faoi chlár an Chaisleáin Nua trí bhreathnú ar an bhfíseán seo.

## An Lú

D'eagair Music Generation Lú sraith d'aoi-cheardlanna leis an ealaíontóir Æ Mak atá lonnaithe i mBeirlín. Dearadh an tsraith chun bealach ar aghaidh a chruthú ón gclár teicneolaíochta TY Trax. Ba í an aidhm a bhí i gceist leis rannpháirtithe a spreagadh chun leanúint ar aghaidh mar cheoltóirí cruthaitheacha lasmuigh d'eispéireas na scoile. Reáchtáladh na ceardlanna in ionaid cheoil áitiúla agus tugadh deis do rannpháirtithe foghlaim faoi theicnící Æ Mak féin agus a cuir chuige i dtreo ceol a chruthú. Bhí deis ag daoine óga éisteacht lena ceol i léiriú beo.  Freisin bhí deis seo a gcuid traiceanna féin a thaispeáint agus a phlé le Æ Mak agus bheith ar stáitse léi le haghaidh léirithe. Breathnaigh ar a gcuid eispéireas anseo.

## Longfort

Sholáthair Music Generation Longfoirt "Longford Sounds", clár a thacaíonn le ceoltóirí óga i léirithe beo comhoibritheacha. Spreag sé féinléiriú agus cruthaitheach agus béim curtha aige ar rac-cheol, phopcheol agus chumadóireacht amhrán. Ba é buaicphointe an chláir an taispeántas dheireadh bliana ag an Amharclann Backstage, a raibh grúpaí ceoil as gach aois rannpháirteach ann. Chríochnaigh an imeacht le finale spreagúil 'bandjam'. Breathnaigh ar chuid bheag dá léiriú anseo.



**Music Generation Chontae Luimnigh**
*Buscáil Nollag an Chaisleáin Nua*
Grianghraf le Three.By.Eight

## Maigh Eo

Chruthaigh Music Generation Mhaigh Eo tionscnamh nua "Fret Frenzy" a ritheadh i rith na bliana. Cruthaíodh "Fret Frenzy" mar spás ceoil cuimsitheach sa phobal ina bhféadfadh ceoltóirí óga, beag beann ar a dtaithí ná a gcúlra, popcheol agus rac-cheol a fhiosrú i dtimpeallacht réchúiseach neamhiomaíoch. Freisin thóg an clár le chéile ceoltóirí óga a d'fhoghlaim ceol leo féin roimhe sin chun áit a chur ar fáil dóibh le nascadh le ceoltóirí a bhfuil an dearcadh céanna acu agus cairdis nua a chruthú.

## Uíbh Fhailí

Ghlac Music Generation Offaly páirt in oscailt oifigiúil an Ionaid Ealaíon nua na hEascrach i dTulach Mhór Chan cór leanaí as dhá bhunscoil áitiúil leis an gceoltóir áitiúil Tolü Makay, le tionlacan ó na ceoltóirí Donal Lunny agus Graham Henderson. D'fhreastail an tUachtarán Michael D. Higgins agus a bhean chéile Sabina ar an ócáid i dteannta le daoine móra le rá ón gceantar áitiúil agus aíonna ón bpobal Faigh amach níos mó faoin ócáid anseo.

## An Mhí

D'óstáil Music Generation na Mí gig le haghaidh cheoltóirí óga "Abbey Road Sounds" san Uaimh. Tacaíonn "Abbey Road Sounds" le bannaí agus le healaíontóirí óga trí mheantóireacht agus rochtain ar acmhainní agus theicneolaíocht an cheoil agus é mar aidhm muinín a chothú agus ceangail a dhéanamh. Bhí an deis ag rannpháirtithe ceol úrnua agus leaganacha eile d'amhráin a léiriú os comhair slua iomláin sa Central san Uaimh. Léigh níos mó faoina n-eispéireas ag Abbey Road Sounds.

## Ros Comáin

D'fhorbair Music Generation Roscommon clár taibhléirithe d'Fhéile Ealaíon Mhainistir na Buille i mí Iúil 2023. D'fhorbair daichead dalta as mol Ceoil Mhainistir na Búille agus tacaíocht acu ó Oideoirí Ceoil áitiúla seó inar iniúchadh tionchair cheoil ó na 60idí, na 70idí, na 80idí, agus na 90idí. Léirigh na ceoltóirí óga agus na hOideoirí Ceoil os comhair lucht éisteachta de níos mó is 400 duine ag an bhféile. Breathnaigh ar shampla den léiriú anseo.



**Music Generation Ros Comáin**
*Féile Ealaíon Mhainistir na Búille*
Grianghraf le Brian Farrell

## Sligeach

D'óstáil Music Generation Shligigh an ócáid is mó riamh dá chuid "School's Celebration Concert" in Ollscoil Theicneolaíoch an Atlantaigh in Airéine Chnoc na Riabh. Ghlac breis is 520 ceoltóir óg as 21 scoil páirt ann, agus iad ag léiriú os comhair lucht éisteachta de 900 duine. Ghlac na ceoltóirí óga sin páirt sa chlár bliantúil "Discovering and Performing Music" de chuid Music Generation Shligigh a reáchtáladh i rith 2023. Sheinn siad uirlisí éagsúla ar nós ucailéile, an ghiotáir, an dordveidhil, agus an méarchlár agus ghlac siad páirt i mbannaí agus in ensemblenna gutha sóisearacha Breathnaigh ar a n-eispéireas anseo.

## Tiobraid Árann

D'óstáil Music Generation Thiobraid Árann an cheardlann taibhléirithe "Big Sing Along" in Ionad Ealaíon The Source, Durlas. Tugadh trí cheardlann i gcaitheamh aon lae amháin agus d'fhreastail breis is 600 leanbh agus duine óg ó chláir áitiúla bhunscoile orthu lenar áiríodh "Primary Beats" agus "Tune Up Tipp". Díríonn na cláir sin ar na blianta luatha d'oideachas ceoil ar léiriú uirlise. Tugadh cuireadh do na ceoltóirí óga casadh agus canadh le Banna Ceoil Music Generation Thiobraid Árann le haghaidh ceardlann léirithe deireanach.

## Baile Átha Cliath Theas

Thacaigh Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas le agus ghlac siad páirt i "The Night Belongs To Us 2023". Ritheadh an tsraith imeachtaí sin ó Mheán Fómhair go Nollaig 2023 ar fud Thamhlacht agus Chluain Dolcáin. Bhí seiteanna DJ, máistir-ranganna, agus taibhléirithe ag príomhléiritheoirí áitiúla agus é ag freastal ar cheoltóirí óga 14-18 mbliana d'aois. Reáchtáladh seisiúin Mic Oscailte freisin do cheoltóirí óga. Bhí na himeachtaí saor in aisce, agus d'fhan ionaid áitiúla, ionaid phobail agus leabharlanna ar oscailt go deireanach, agus chuir siad áit éagsúil ar fáil do cheoltóirí óga le taitneamh a bhaint as siamsaíocht oíche. Féach níos mó de 'The Night Belongs to Us' anseo.



**Music Generation**
**Bhaile Átha Cliath Theas**
*NOISE Music*
Grianghraf le Pati Guimarães

## Port Láirge

Chomhoibrigh Music Generation Phort Láirge le Féile Ceoldráma Blackwater chun ceardlanna oideachasúla "Discover Opera" agus "Discover Singing" a chruthú sa Lios Mór. Eispéireas tumthach ceoldrámaíochta do leanaí bunscoile chun foghlaim faoi dhomhan na ceoldrámaíochta. Reáchtáiltear an cheardlann gach bliain le linn Fhéile Cheoldrámaíochta Samhraidh na hÉireann i nGairdíní Chaisleán an Leasa Mhóir. Gach bliain, tugann rannpháirtithe faoi cheardlanna agus chonair ceoldrámaíochta ina dhéantar iniúchadh ar scéalaíocht, dhearadh seit, fheisteas agus foireann aisteoirí agus criú agus conair ceoldrámaíochta. Gabhann an clár spéis rannpháirtithe óga le clár cruthaitheach agus samhlaíoch ceoldrámaíochta. Faigh amach níos mó faoi na ceardlanna anseo.

## Loch Garman

Léirigh Music Generation Loch Garman a gceoldráma óige ar athrú aeráide "Seedlings" ag Áras Náisiúnta Ceoldrámaíochta i Loch Garman i gcomhpháirt le Ceoldráma Féile Loch Garman. Cruthaíodh an ceoldráma, a stiúir Elizabeth Drwal agus a chum Andrew Synott, i gcomhar leis na ceoltóirí óga. Cuireadh tús leis an tionscadal trí cheardlanna ceoldrámaíochta óige i mí Iúil 2022, nuair a d'fhiosraigh rannpháirtithe a gcuid scileanna cruthaitheachta agus léirithe trí ghníomhaíochtaí éagsúla amhail scileanna sorcais, aisteoireacht, canadh agus cumadóireacht amhrán. Freisin d'fhreastail siad ar cheardlanna leis an Ambasadóir Aeráide Adam Stapleton agus leis an bhfile Sasha Terfous chun foghlaim faoi théamaí comhshaoil. Breathnaigh ar níos mó maidir le forbairt an tionscadail anseo.

## An Iarmhí

Lean Music Generation na hIarmhí ar aghaidh lena thionscadal pobail fadsheasmhach ar cheol óige, "Music Jam", in 2023. Soláthraíonn "Music Jam" seisiúin cheoil do leanaí agus dhaoine óga idir 4-18 mbliana d'aois i dtimpeallacht chuimsitheach. Is féidir le ceoltóirí óga casadh le chéile, scríobh, taifeadadh agus foghlaim faoi bhainistíocht imeachtaí, léiriú agus innealtóireacht fuaime. In 2023 cheiliúir "Music Jam" 10 mbliana agus léirigh sé a chéad "Music Jam Live at the Stables" i Muileann gCearr. Chuimsigh an imeacht sin léirithe ag na "Music Jammers" óga, agus tacaíocht acu óna gcuid Oideoirí Ceoil. Sholáthair alumnais an chlár Music Jam tacaíocht do chláir agus d'innealtóireacht fuaime ag an imeacht.
Breathnaigh ar chuid den imeacht anseo.

## Cill Mhantáin

Chuir Music Generation Chill Mhantáin tús le clár le cónaitheoirí óga ag an Ionad Soláthair Dhírigh in Eastát Kippure. Thosaigh sé le ceardlann aon-lá ar chumadóireacht amhrán inar fhiosraigh na rannpháirtithe a gcruthaitheacht, inar chuir siad iad féin in iúl tríd an amhrán, agus inar chomhoibrigh siad. Forbraíodh an cheardlann le cruthú saothar nua léirithe a threoraigh Oideoirí Ceoil áitiúla. Ba í an sprioc ardán a sholáthar do na leanaí agus na daoine óga sin agus chun a gcuid scileanna agus cruthaitheachta a thaispeáint ag ceiliúrthaí Chruinniú na nÓg, a reáchtáladh i Leabharlann Bhaile Choimín i mí an Mheithimh 2023. Cheadaigh an próiseas sin dóibh a gcuid cumas ceoil agus a gcuid scéalta agus tuairimí a roinnt tríd an gceol.
Breathnaigh ar a saothar léirithe anseo.



# Deiseanna Ambasadóra Óig agus Imeachtaí Cultúrtha Náisiúnta

**Buaiteoir Aintiún ETB**
*Find Your People*
Grianghraf le Marc O'Sullivan

Gach bliain, tugtar cuireadh do cheoltóirí óga ó chláir Music Generation as gach cearn den tír a gceol a thabhairt do lucht éisteachta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Oibríonn Music Generation i ndlúthpháirt le maoinitheoirí, deontóirí, agus comhpháirtithe chun deiseanna sin a **chruthú um thaibhléiriú speisialta.**



Music Generation Thiobraid Árann
*Féile Phádraig*
Grianghraf le Dave Keegan

## Banna óg Music Generation ag casadh ag seoladh an Phlean Óige ag Éire Ildánach Márta

Léirigh an banna ó Music Generation Ros Comáin 'Totum' ag seoladh Phlean Óige Cruthaithí 2023–2027 ag Éire Ildánach. Thaispeáin na ceoltóirí nua a gceol úrnua do lucht éisteachta de dhaoine óga cruthaitheacha agus do thoscairí ó earnáil na n-ealaíon agus ón rialtas. Reáchtáladh an imeacht i nDánlann Náisiúnta na hÉireann agus i láthair aige bhí an tAire Catherine Martin (Turasóireacht, Cultúr, na hEalaíona, Gaeltacht, Spórt agus na Meáin), an tAire Roderic O'Gorman (Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige) agus an tAire Norma Foley (Oideachas). Léigh níos mó faoin imeacht anseo.

## Féile Phádraig Márta

D'fhreastail os cionn 100 duine óg ó Music Generation an Chláir, Music Generation Laoise agus Music Generation Thiobraid Árann ar phríomhstáitse Cheantar na Féile i nDún Uí Choileáin le haghaidh Fhéile Phádraig 2023. Breathnaigh ar a n-eispéireas anseo.

## Seachtain BOO Márta

Léirigh ceoltóirí óga agus ensemblenna ó cheantair Music Generation lenar áiríodh Ceatharlach, Cill Dara, Baile Átha Cliath Theas agus Cill Mhantáin ag imeachtaí agus ceiliúrthaí éagsúla le haghaidh Sheachtain BOO. Rinneadh léirithe i bPáirc an Chrócaigh, Ceanncheathrú ETBI agus múrmhaisiú saincheaptha a cruthaíodh do sheoladh Chomórtas Aintiún BOO i mBaile Átha Cliath 8. Faigh níos mó eolais anseo.



Music Generation Cheatharlach
*Ceoltóirí óga i mbun ceoil d'Uachtarán SAM Joe Biden*
Grianghraf le Adam Schultz

## Casann Ambasadóirí Óga le haghaidh Uachtarán na Stát Aontaithe Aibreán

Léirigh triúr ceoltóirí óga ó Music Generation Cheatharlach d'Uachtarán na Stát Aontaithe Joe Biden ag an dinnéar féasta Stáit i gCaisleán Bhaile Átha Cliath le linn a chuairte oifigiúla ar Éirinn. Bhí sé mar onóir do na ceoltóirí óga, agus tacaíocht acu óna gcuid Oideoirí Ceoil bheith mar na chéad cheoltóirí a léirigh don Uachtarán Joe Biden agus a chuir fáilte roimhe nuair a tháinig sé. Thosaigh na triúr ceoltóirí a n-oideachas ceoil le Music Generation Cheatharlach agus tá siad leis an gclár ar feadh na mblianta iomaí. Chuaigh siad tríd an gclár Encore ag Music Generation Cheatharlach do bhunscoileanna, tríd an gclár HUB agus an clár ensemblenna. Léigh níos mó faoina léiriú anseo.

## Comhthionól Idirnáisiúnta Buan na gCigireachtaí Aibreán

Chas tríocha-cúig ceoltóir óg ó "Creative Sounds" ag Comhdháil Idirnáisiúnta Bhuan na gCigireachtaí i mí Aibreáin i gCaisleán Dhún Bhúinne. Tionscadal comhoibritheach é "Creative Sounds" agus é faoi stiúir na gceantar Music Generation Cabhán/Muineachán, Ros Comáin, Liatroim agus Longfort i gcomhpháirt le Music Network. Breathnaigh ar chuid den léiriú anseo.

## Ceiliúrann Music Generation Lá na hEorpa Bealtaine

Chun ballraíocht 50-bliana na hÉireann ar an Aontas Eorpach a cheiliúradh, tugadh cuireadh do cheoltóirí óga agus scoileanna ar fud na tíre Aintiún na Náisiún Aontaithe "Ode to Joy" le Beethoven, a fhoghlaim agus a léiriú. Reáchtáladh léirithe de "Ode to Joy" le Beethoven in 12 cheantar Music Generation le os cionn 2,200 rannpháirtí do cheiliúrthaí Lá na hEorpa. D'óstáil Music Generation Liatroma imeachtaí "Ode to Joy Sing Up" i mBéal an Átha Mhóir agus i mBaile Hamaltúin. Ghlac breis is 1,000 leanbh agus duine óg as 17 mbunscoil i Liatroim páirt iontu. Breathnaigh ar an imeacht "Ode to Joy Sing Up" ag Music Generation Liatroma anseo.

## Cruinniú na nÓg Lá náisiúnta na hÉireann de chruthaitheacht shaor in aisce do leanaí agus dhaoine óga Mí an Mheithimh

Gach bliain glacann comhpháirtíochtaí Music Generation ar fud na hÉireann páirt i gCruinniú na nÓg, lá náisiúnta na hÉireann de chruthaitheacht shaor in aisce do leanaí agus dhaoine óga. Cuirtear taibhléirithe, ceardlanna agus eispéiris éagsúla ar fáil do leanaí agus dhaoine óga i bpobail áitiúla ar fud na tíre. In 2023, reáchtáladh os cionn 50 ghníomhaíocht thiomnaithe cheoil i 22 Limistéar CÁOC Music Generation. Seo roinnt samplaí:

Léirigh **Music Generation Shligigh** ag Music at the Marquee. Chas bannaí áitiúla ag an gig agus tugadh léiriú tiomnaithe de thraic úrnua dar teideal "The Summer is Here" do Chruinniú na nÓg Shligigh. Léiríodh an t-amhrán somheabhraithe beo ag ceoltóirí agus amhránaithe óga ó Choláiste Summerhill ag "Music at the Marquee."

D'óstáil **Music Generation an Chláir** máistir-rang d'amhránaithe-chumadóirí amhrán agus léiriú le John Spillane é féin. Bhí deis uathúil ag cumadóirí amhrán óga foghlaim ó dhuine de na scríbhneoirí is fearr agus na léiritheoirí is cumasaí in Éirinn.

Bhí rapálaithe óga ó **Music Generation Chontae Luimnigh** agus **Music Generation Chill Mhantáin** páirt i Rhyme Island ag Éire Ildánach le GMC Beats agus The Kabin Studio. Scríobh gach grúpa rap úrnua agus thaifead siad físeán ceoil.

Léigh níos mó faoi Chruinniú na nÓg ag Music Generation anseo.

## Ceoltóirí Óga Ó Music Generation ag jeamáil le Banna Cabhlaigh na Stát Aontaithe i mí Lúnasa

Ghlac tríocha-seacht ceoltóir óg ó chláir Music Generation i Maigh Eo, i bPort Láirge, Ciarraí agus Contae na Gaillimhe páirt i máistir-rang spreagúil le Banna Fórsaí Cabhlaigh na Stát Aontaithe - Eoraip agus an Afraic. Ba é Ambasáid na Stát Aontaithe a d'éascaigh an mháistir-rang. Ghlac na ceoltóirí óga páirt i dtráthnóna d'fhoghlaim, de léiriú agus de chruthaitheacht leis an ensemble. Léigh níos mó faoin eispéireas seo.

## Aintiún ETB Mí Lúnasa

Chun cothrom 10 mbliana ó bunaíodh na Boird Oideachais & Oiliúna a cheiliúradh, sheol na Boird Oideachais & Oiliúna na hÉireann (ETBI) Comórtas Aintiún ETB i gcomhpháirt le hOifig Forbartha Náisiúnta Music Generation. Tugadh cuireadh d'fhoghlaimeoirí agus do rannpháirtithe i ngach scoil agus coláiste BOO agus i ngach clár Music Generation ar fud na tíre aintiún a chumadh chun croí-luachanna an BOO a cheiliúradh. Ba iad cumadóir "Riverdance" Bill Whelan, rapálaí/cumadóir amhrán MuRli agus an ceoltóir/an cumadóir agus an craoltóir Ellen Crantich a bhí ina moltóirí don chomórtas. Cruthaíodh an t-aintiún a raibh an bua aige "Find Your People", ag deichniúr foghlaimeoirí BOO ón Líonra Náisiúnta Foghlama Holyhill a maoiníodh trí BOO Chorcaí agus ar thacaigh an Kabin Studio leis. Tugadh deis do na cumadóirí amhrán óga a n-aintiún a thaifeadadh i i stiúideo cáiliúil Windmill Lane. Léiríodh an t-aintiún den chéad uair ag Comhdháil BOO a reáchtáladh i Halla Cathrach Chorcaí. Faigh amach níos mó eolais faoina n-eispéireas agus níos mó anseo.



**Ceardlann Banna CabhlaighSAM**
*Ceoltóirí Óga ó chúig cheantar Music Generation ag jeamáil le Banna Cabhlaigh na Stát Aontaithe*
Grianghraf le Kyran O'Brien

## **Ceiliúrann Music Oíche Chultúir** Meán Fómhair

Imeacht náisiúnta é Oíche Chultúir a cheiliúrann cultúr, cruthaitheacht agus na healaíona in Éirinn ar fud na bliana. D'óstáil ceantair áitiúla Music Generation breis is 30 imeacht spreagúil d'Oíche Chultúir ar fud na tíre. Bhí raon leathan ceardlann ceoil agus taibhléirithe beo ar siúl a d'fhéadfadh gach duine taitneamh a bhaint astu. Seo sampla den mhéid a bhí ar siúl:

Thóg **Music Generation Ros Comáin** siar chuig na seanlaethanta muid lena seitliosta ó na 70í agus na 80í i bPáirc Somers, An Caisleán Riabhach. Ghlac bannaí agus amhránaithe óga ó Mhol Music Generation sa Bhothchoill páirt sa léiriú.
Chuir **Music Generation Shligigh** casadh an lae inniu ar thimpeallacht Mhainistir Shligigh a théann siar chuig an 13ú haois. Bhí an tsean-Mhainistir lán le ceol ag Sligo Youth Voices agus ceoltóirí óga don léiriú speisialta sin le haghaidh Oíche Chultúir.
Léigh níos mó faoi na himeachtaí ar fud na tíre anseo.

## **Cainteanna Leanaí Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) 2023** Samhain

Chas beirt Djanna óga ó Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath ceol do níos mó ná 1,000 duine óg ag imeacht Cainteanna Leanaí Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) sa Helix. Tugann Cainteanna Leanaí an OCO deis do dhaoine óga in Éirinn a gcuid tuairimí faoi chearta leanaí agus na saincheisteanna is tábhachtach dóibh a phlé agus a chur in iúl. Ba ag an imeacht a léirigh an bheirt DJanna óga a seit beo den chéad mhór agus bhí an-áthas orthu lucht éisteachta mór a bheith acu. Breathnaigh ar eispéireas na DJanna anseo agus ar an gcraoladh beo.

## **Cruinniú Mullaigh Leanaí** Samhain


Léirigh Music Generation Laoise ag Cruinniú Mullaigh Leanaí 2023 a d'óstáil an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Léirigh na hamhránaithe óga ó Scoil Náisiúnta an Phaidic cuid de "Bicycles, Boomerangs and Blue Macaws", sraith atá bunaithe ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar chearta an linbh.
Breathnaigh ar an léiriú anseo.

## **Ceiliúrann Banc Mheiriceá a chuid Comhpháirtíochtaí Daonlathais Éireannacha** Samhain

Chas seisear ceoltóirí óga ó Music Generation Laoise lena n-Oideoir Ceoil, Siobhán Buckley, ag ócáid speisialta a d'óstáil Banc Mheiriceá. Oíche ceiliúrtha agus comhrá le comhpháirtithe Bhanc Mheiriceá san fhealsúnacht, sna healaíona agus sa chomhshaol, a bhí san ócáid, a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath.
Breathnaigh ar an léiriú anseo.



**Music Generation Liatroma**
*Lá na hEorpa*
Grianghraf le Brian Duignan Photography



**Maigh Eo ag Ceardlann Bhanna Cabhlaigh SAM**
*Ceoltóirí Óga ó Music Generation ag jeamáil le Banna Cabhlaigh na Stát Aontaithe*
Grianghraf le Kyran O'Brien, DCU

"Ba é buaicphointe an lae inniu bheith in ann labhairt le ball iarbhír de Bhanna Cabhlaigh SAM atá i bhfad chun tosaigh uaim sa ghairm agus teicnící nua a fhoghlaim uathu. Eispéireas iontach a bhí ann"

Aaron, Trombón, **Music Generation Mhaigh Eo**

# Spriocanna Straitéiseacha

In 2022, d'fhoilsigh Music Generation Saol Daoine Óga a Athrú ó Bhonn tríd an gCeol (Transforming Young Lives Through Music).

Leis an bplean seo leagtar amach treo Music Generation le haghaidh na gcúig bliana romhainn agus leantar ar aghaidh ag comhlíonadh ár misin.

## Cáilíocht

**Sprioc:** cultúr d'fheabhas leanúnach a chothú ar fud líonra Music Generation, ionas go mbíonn eispéiris agus torthaí den chaighdeán is fearr ag leanaí agus daoine óga i suíomhanna éagsúla agus thar raon leathan de sheánraí agus de dhisciplíní ceoil.

# Cuspóir 1

Oibreoimid ar bhealach domhain agus fadtéarmach le cláir áitiúla Music Generation chun **tacú le forbairt bhreise ar chultúr cáilíochta.**



**Music Generation Lú**
*Tionscadal Causeway*
Grianghraf le Nós Nua

Forbraíodh Straitéis Cháilíochta nua i mí an Mheithimh 2023. Aithnítear sa Straitéis atá deartha chun cuspóirí an Cholúin Cháilíochta inár bPlean Straitéiseach 2022–2026 a chomhlíonadh, aithnítear cúig ghníomh tosaíochta:

1. Pleanáil don Cháilíocht (PfC)
2. Ceiliúradh Náisiúnta 2024
3. Oideachas Ceoil Taibhléirithe Taighde agus Foghlaim
4. Neartú Líonra
5. Ciste Méadaithe Cruthaitheacha agus Comhair

## Pleanáil don Cháilíocht (PfC)

Is é atá i gceist lenár straitéis PfC próiseas foghlama agus forbartha a chur i bhfeidhm le foirne Oideoirí Ceoil i COCÁnna ó 2023 go 2026. In 2023, dhear muid ceardlanna chun tacú le hOideoirí Ceoil ina machnamh ar chleachtas teagais agus cháilíocht laistigh de PME. Chabhraigh na ceardlanna le haidhmeanna ár gcuid oibre a shoiléiriú agus bealaí a shocrú le smaoineamh faoin gcáilíocht sa déanamh ceoil agus san fhoghlaim. Chuireamar tús leis an bpróiseas sin le cúig cheantar Music Generation ar fud dhá BOO: BOO na Gaillimhe agus Ros Comáin agus BOO Cheatharlach Chuimsigh rannpháirtithe in 2023 75 Oideoir Ceoil 5 OFC, chomh maith le riarthóirí agus oibrithe acmhainne.

## Ceiliúradh Náisiúnta 2024

Cuireadh tús go luath in 2023 le pleanáil i gcomhair bhliain cheiliúrtha náisiúnta Music Generation. Thosaigh meitheal oibre comhairleach, le hionadaithe ar phríomhpháirtithe leasmhara, ag teacht le chéile i mí Eanáir 2023 chun tacú le fís an cheiliúrtha a phleanáil. Forbraíodh imlíne cláir lena gcuimseofaí imeachtaí faoi stiúir náisiúnta agus imeachtaí faoi stiúir áitiúil. Reáchtáladh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara éagsúla, lenar áiríodh leanaí agus daoine óga, chun a n-ionchur a fháil don chlár agus do na gnéithe eile de phleanáil.

[1] Sprioc 1, Beart 2 de Phlean Straitéiseach Music Generation 2022–2026

## Oideachas Ceoil Taibhléirithe (OCT) Taighde agus Foghlaim

In 2023, chuimsíomar taighde agus foghlaim OCT sa phróiseas PfC, mar chuid dár n-obair le foirne áitiúla Oideoirí Ceoil. Reáchtálamar seisiún comhairliúcháin ar OCT a thuiscint le OFCanna le linn na comhdhála cónaithí bliantúla. I dteannta le cur i bhfeidhm PfC, roinneadh na léargais a fuarthas ón bpróiseas sin trí láithreachais chomhpháirteacha OFC-OFN ag cruinnithe líonra ráithiúla, comhdhálacha agus siompóisiaim. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach faoi Chuspóir 3.

## Neartú Líonra

Ghlacamar céimeanna chun struchtúir agus tacaí líonra a fheabhsú agus a neartú. Cuireadh na bearta sin i bhfeidhm trí líonraí DSG, OFC, CAÓC agus Oibrithe Riaracháin/Acmhainne Eagraíochtaí imeachtaí agus tionscnaimh bhreise chun comhar a chur chun cinn idir limistéir Music Generation. Chuimsigh pleanáil agus cur i gcrích na gceiliúrthaí náisiúnta faoi stiúir an OFN, rannpháirtíocht ghníomhach ag an líonra OFN mar chuid den mheitheal oibre comhairleach. Chuimsigh an grúpa sin freisin ionadaíocht ón DSG, Bord Music Generation agus an OFN. Ba í aidhm an iarrachta chomhordaithe sin faoi stiúir an OFN, na comhpháirtíochtaí agus na caidrimh a neartú a chuireann le forbairt Music Generation go náisinta agus go háitiúil. Tá tuilleadh sonraí curtha ar fáil faoi Chuspóir 3.

## Ciste Méadaithe Cruthaitheacha agus Comhair (CMCC)

Tacaíonn an Ciste Cruthaitheachta a gus Comhair (CCC) le tionscadail náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. In 2023, mhéadaíomar an CCC le hullmhú le himeachtaí náisiúnta 2024. Ba í aidhm an mhéadaithe sin tacú le cláir, tionscnaimh agus tionscadail faoi stiúir áitiúil mar chuid de na ceiliúrthaí náisiúnta in 2024. Tá níos mó sonraí tugtha faoin réimse tosaíochta sin sa chéad chuid eile faoi Chuspóir 2, lena n-áirítear forbhreathnú ar an maoiniú arna leithdháileadh in 2023.



**Music Generation an Chláir**
*Féile Phádraig*
Grianghraf le Dave Keegan



# Cuspóir 2

Comhoibreoidh muid le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta chun **feabhas ealaíonta agus oideolaíoch sna cláir agus sa chleachtas a spreagadh agus tacú leis** i raon de shuíomhanna.

**Music Generation na hIarmhí**
*Sing Out*
Grianghraf le Paul Moore Photography

Ceann de na bealaí a chomhoibríonn an ONF le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta é trí chiste tiomnaithe don Chruthaitheacht agus don Chomhar (CCC), a thacaíonn le tionscadail ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Is í aidhm CCC, a chuirtear ar fáil i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíon, tacú le deiseanna forbartha ealaíne agus cruthaithí d'ealaíontóirí gairmiúla agus dhaoine óga.

Tugann na tionscadail sin deis do leanaí, dhaoine óga agus cheoltóirí comhoibriú agus déanamh agus foghlaim ceoil chruthaigh a iniúchadh ar bhealaí éagsúla, i dteannta lena dteagasc rialta ceoil. Reáchtáladh dhá bhabhta de mhaoiniú CCC in 2023: Thacaigh Babhta 1 le tionscadail a bhí le tosú in 2023; dhírigh Babhta 2 a athainmníodh mar an gCiste Cruthaigh, Comhoibrigh, Ceiliúir (CCC) ar thionscadail le haghaidh 2024 chun tacú le cláir faoi stiúir áitiúil don bhliain náisiúnta ceiliúrtha in 2024. I mBabhta 1, maoiníodh 10 dtionscadal CCC, agus rinneadh 28 dámhachtain bhreise de mhaoiniú CCC faoi bhabhta 2.

In 2023, rinne Sound Connections, comhairleacht atá bunaithe sa RA agus arb í forbairt ceoil óige a réimse speisialtóireachta measúnú cuimsitheach ar chomhpháirtíocht na Comhairle Ealaíon – Music Generation. Cuimsíonn an tuarascáil cás-staidéir ar shé thionscadal agus thionscnamh de chuid CCC a tharla ó cuireadh tús leis an gcomhpháirtíocht in 2014. Déanfar athbhreithniú ar fhionnachtana agus mholtaí na tuarascála seo in 2024 chun forbairt na todhchaí a threorú.

# Tionscadail CCC 2023

## Ceolfhoireann Consairtín na hÉireann 2024

Ensemble uathúil é Ceolfhoireann Consairtín na hÉireann atá déanta suas de 50 seinnteoir consairtín óg as gach cearn den tír. In 2023, tugadh maoiniú don ensemble don bhliain acadúil 2023/2024 chun comhoibriú le Bill Whelan, NOTIFY, Cormac McCarthy, agus ensemble gairmiúil ceolfhoirne. D'oibrigh siad as lámh a chéile chun sraith de shaothair agus de chóirithe úrnua a chruthú agus a léiriú. Críochnóidh tionscadal 2023–24 le ceolchoirm ag a seinnfear saothair nua, lena n-áirítear coimisiún le Bill Whelan, den chéad uair i mBealtaine 2024.

## Féile Ceoil Óige Subsounds Baile Átha Cliath 2023

Féile chomhoibritheach lae-iomlán a bhí ar siúl ar an 24 Meitheamh i TU Bhaile Átha Cliath. Eagraíodh an imeacht ag sé COCÁ – Music Generation Fhine Gall, Cathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath Theas, An Mhí, Cill Dara agus Cill Mhantáin – le Alternative Entertainments. Thug an fhéile deis do cheoltóirí óga léiriú ar stáitse mór féile.

Thaispeáin gach COCÁ trí ghrúpa a chuimsigh léiritheoirí aonair, ensemblenna agus bannaí. Chlúdaigh siad raon éagsúil de stíleanna ceoil ó phopcheol agus rac-cheol comhaimseartha go banna garáiste, cór scoile, hip-hop agus níos mó.

## Ceangail Corda

Thóg an tionscadal sin le chéile ensemblenna óige agus Oideoirí Ceoil ó Chiarraí, Lú agus ó Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann chun cleachtadh agus léiriú mar chomharghrúpa mór téaduirlise. Ritheadh an comhar i rith 2023 agus críochnóidh sé le léiriú mór in 2024. D'fheidhmigh an comhar mar chur chuige praiticiúil agus straitéiseach i dtreo foghlaim a roinnt agus forbairt ensemblenna téaduirlise a neartú sa dá cheantar. Feabhsaíodh an tionscnamh sin le rannpháirtíocht Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann, agus í ag tarraingt ar a clár "Sing Out with Strings"

## Clár FGL agus Meantóireachta

Thug Music Generation Laoise deiseanna um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) agus Meantóireacht chun scileanna Oideoirí Ceoil a neartú atá rannpháirteach i gClár Ceoil agus Amhránaíochta Luathbhlianta na Laoise. Thacaigh an tionscnamh sin le Laois lena bhfoireann Luathbhlianta a fhorbairt le freastal ar an ngá le cláir amhránaíochta agus cheoil don rang iomlán le haghaidh leanaí óga.

## Rannpháirtíocht Chruthaitheach

Thacaigh Music Generation Laoise le tionscadail chruthaitheacha ardchaighdeáin do leanaí agus dhaoine óga. Sna tionscadail sin chomhoibrigh aoi-cheoltóirí le hOideoirí Ceoil Music Generation Laoise chun plé agus comhoibriú le leanaí agus daoine óga. Tharla an tsraith sin faoi na tionscadail seo a leanas:

**Sraith Samhraidh:**

- Campa Samhraidh ar an gCeol Gaelach
- Scoil Shamhraidh Rac-Cheoil agus Pop-Cheoil

**Tionól Cláirseach agus Píobán:**

- Féile uathúil a bhí tiomnaithe chun Cláirseacha agus Píoba Uillinn a thaispeáint. Féile uathúil í in Éirinn agus ghlac 175 ceoltóir óg páirt ann in 2023.

## NOISE (Bliain 3)

Clár ceoil óige le dhá chuid: (1) Cumadh Amhrán agus Léiriú Ceoil (2) Obair DJ.

Le haghaidh Chumadh Amhrán agus Léiriú Ceoil, d'oibrigh ceoltóirí óga as lámh a chéile le healaíontóirí gairmiúla chun a gcuid cumas déanta ceoil a fheabhsú agus a fhorbairt.

Le haghaidh obair DJ, threoraigh meantóirí daoine óga chun foghlaim conas trealamh DJ a úsáid go cruthaitheach.

## Deireadh Seachtaine Chumadóirí Amhrán i mBaile na Coille

Cúrsa a bhí i nDeireadh Seachtaine Chumadóirí Amhrán i mBaile na Coille inar fhoghlaim 24 dhuine óg cruthaitheach i réimse an cheoil faoi chumadh amhrán, scríobh liricí, agus bheith cruthaitheach. Chabhraigh gairmithe i dtionscal an cheoil agus chabhraigh siad leo i dtimpeallacht shábháilte agus dhearfach in Ionad Gníomhaíochta Bhaile na Coille i mí Aibreáin 2023.

## Travelling Summer Sounds Circus II

Thóg ionad iniompartha Music Generation Chathair Luimnigh deiseanna léirithe lasmuigh agus eispéiris cheoil bheo do dhaoine óga in ionaid oidhreachta agus chultúrtha éagsúla ar fud an Chláir agus Luimnigh.

Ritheadh na himeachtaí ó mhí an Mheithimh go Lúnasa ar fud Chontae Luimnigh (Mainistir na Féile, An Caisleán Nua, Cill Mocheallóg, Loch Goir, Ráth Caola), An Clár (Cill Dá Lua, Inis, Rinn na Spáinneach), agus in áiteanna éagsúla i gCathair Luimnigh (Maigh Rois, Cé Artúir, Páirc an Phobail).

## Imeachta téaduirlisí óga Da Capo Athshamhlaithe mar Cheoldráma Barócach

Comhpháirtíocht idir Music Generation Shligigh, Ceoldráma Náisiúnta na hÉireann, agus Féile Ceoil Bharócaigh Shligigh a cheiliúrann deiseanna ceoil do leanaí agus dhaoine óga go háitiúil. Ba í aidhm an tionscadail sin comhpháirtíochtaí áitiúla a neartú agus líonraí a chruthú le healaíontóirí idirnáisiúnta ar cuairt. Chuimsigh an clár imeachtaí agus ceardlanna do leanaí agus dhaoine óga, chomh maith le forbairt ghairmiúil d'Oideoirí Ceoil Shligigh i gceoldráma agus ceol barócach.

## Conairí Ceolfhoirne a Fhorbairt

Tionscadal trí-bliana taighde gnímh chun bealaí a iniúchadh le forbairt ensemblenna uirlise a fheabhsú ar fud Music Generation Uíbh Fhailí, Music Generation na hIarmhí, agus Music Generation Laoise. Tarlóidh Music Generation an Longfoirt amach anseo. Is í aidhm an tionscadail seo aghaidh a thabhairt ar bhearna maidir le deiseanna ensemble do cheoltóirí uirlise i lár na tíre chun:

- **rochtain a fheabhsú** ar dhéanamh ceoil fadsaoil
- **inbhuanaitheacht a** chinntiú le haghaidh ensemblenna reatha agus nua
- **deiseanna dul chun cinn** do cheoltóirí uirlise óga ag gach leibhéal forbartha.

Cuireadh tús le pleanáil tionscadal in 2023 agus tosóidh taighdeoir comhairleach ceaptha le hobair in 2024.

# Cuspóir 3

Leanfaimid orainn ag **forbairt agus ag neartú líonra náisiúnta Music Generation** le linn shaolré an phlean.



**Music Generation Cheatharlach**
*Music @ Mount Leinster*
Grianghraf le DGM Photography

In 2023, d'óstáil muid 26 imeacht náisiúnta líonra, inar tógadh le chéile grúpaí éagsúla a chuimsigh an DSG, Líonra MDO, Líonra Oibrithe Riaracháin/ Acmhainne, Meitheal Oibre Comhairleach ar Imeachtaí Náisiúnta. Reáchtáladh imeachtaí comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga freisin. Leanamar orainn ag forbairt ár gcuir chuige chomhoibrithigh i dtreo phleanáil líonra OFC, agus ról tugtha do OFCanna i bpleanáil imeachtaí agus tionscadal. D'óstáil Music Generation Lú ár n-imeacht cónaithe náisiúnta, a reáchtáladh i gcaitheamh trí lae in IT Dhún Dealgan. D'fhreastail OFCanna agus iad ina n-ionadaithe ar 23 limistéar COCÁ ar an gcruinniú. Bhí ceardlanna, forbairt ghairmiúil, plé, cuairteanna láithreáin agus gníomhaíochtaí líonraithe mar chuid den imeacht.

Reáchtáladh cruinnithe ráithiúla ag an Líonra OFC i rith 2023. Chuimsigh na cláir oibre deiseanna chun eolas a mhalartú, eolas a roinnt, samhlacha cleachtais éifeachtaigh, pleanáil straitéiseach agus comhoibriú comhpháirtíochta.

Reáchtáladh an cruinniú bliantúil i bpearsa le haghaidh Riarthóirí agus Oibrithe Acmhainne i R2. Reáchtáladh sé chruinniú ar líne agus cuireadh deiseanna oiliúna ar fáil freisin lenar áiríodh Margaíocht Dhigiteach agus Comhordú Imeachtaí. Bhí láithreachais ag baill an líonra mar chuid de na cruinnithe i bpearsa. Ina theannta sin, ghlac 14 thoscaire as 13 limistéar CÓCA páirt i líonrú agus i bhfoghlaim roinnte.

Mar atá leagtha amach faoi Chuspóir 1, modh eile chun an líonra náisiúnta a neartú ab ea bunú Meitheal Oibre Chomhairligh ag deireadh 2022 chun bliain náisiúnta an cheiliúrtha a phleanáil. Cheadaigh sé sin tuilleadh comhair idir baill den DSG, OFCanna, baill boird Music Generation agus foireann fheidhmiúcháin OFN.

Chuimsigh iarrachtaí breise maidir le habhcóideacht, malartú eolais agus neartú líonra comhairliúcháin le daoine óga chun imeachtaí náisiúnta a phleanáil. I mí an Mheithimh 2023, choimisiúnaigh an OFN taighdeoir neamhspleách chun tabhairt faoi Athbhreithniú ar Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga. Thug an tuarascáil léargais ar mhodhanna agus chuir chuige i dtreo chomhairliúchán óige, imlínte beartais agus dea-chleachtas. Faoi stiúir Fhoireann Chumarsáide an OFN i gcomhar le QSD, reáchtáladh comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga chun a n-ionchur a fháil le haghaidh fhorbairt náisiúnta imeachtaí. Leathnófar pleanáil bhreise do rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i bplean oibre 2024.

Cuireadh béim fós le linn chruinnithe líonra ar chomhtháthú taighde agus ar dheiseanna seachtracha um malartú eolais. Le láithreachais chomhpháirteacha ag na OFCanna agus an OFN leagadh béim ar fhoghlaim ón tionscnamh PfC. Cuireadh na léargais sin i láthair ag cruinniú DSG i mí an Mheitheamh 2023, agus ag cruinnithe líonra OFC i mí Aibreáin agus i mí na Samhna. Ina theannta sin, thug painéal a chuimsigh OFCanna ó Music Generation Thiobraid Árann, Music Generation na Mí, agus Music Generation Lú, i dteannta le foireann QSD an OFC, cur i láthair ar “Music Generation: Perspectives on Quality in Performance Music Education” ag comhdháil bhliantúil Chumann an Oideachais Cheoil (Society for Music Education in Ireland/SMEI) ar an 4 Samhain, 2023. Tugadh aighneachtaí breise le haghaidh deiseanna um chomhdháil ar oideachas ceoil idirnáisiúnta in 2024.

## Inbhuanaitheacht

**Sprioc:** oibriú i dtreo inbhuanaitheacht fhadtéarmach a bhaint amach do chóras náisiúnta de sholáthar áitiúil um oideachas ceoil taibhléirithe atá maoinithe go poiblí.

# Cuspóir 4

Oibreoimid chun **bonneagar áitiúil agus náisiúnta a bhaint amach ag a bhfuil neart acmhainní** (ó thaobh daoine agus airgeadais) agus a bhfuil sár-rialachas mar shaintréith aige.

In 2023 thug an Roinn Oideachais Athbhreithniú Neamhspleách ar mhaoiniú poiblí an Roinn Oideachais do Music Generation. Thug an Oifig Náisiúnta Forbartha faoi athbhreithniú ar aidhmeanna tosaigh Music Generation a leagadh amach i Staidéar Indéantachta Music Network ó 2003. Tugadh faoi sin chun ullmhú le measúnú ar bhuanna na samhla, ról an OFN, agus mar a bhaineann sé sin le hobair leanúnach an OFN agus a cuid comhpháirtíochtaí.




**Music Generation Ros Comáin**
*An banna óige Totem ag Seoladh an Phlean Chruthaithigh don Óige leis an Aire Catherine Martin*
Grianghraf leis an Oifig Náisiúnta Forbartha

# Cuspóir 5

## Leanfaimid orainn ag **cothú comhpháirtíochtaí straitéiseacha le raon de pháirtithe leasmhara reatha agus nua**



**Music Generation Laoise**
*Ceoltóirí óga ag imeacht carthanachta daonchairdis leis an POF Fernando Vicario*
Grianghraf leis an Oifig Náisiúnta Forbartha

Mar chuid dár gcuid oibre, coinníonn Music Generation dlúthchaidrimh lenár gcomhpháirtithe agus ár maoinitheoirí. In 2023, choinníomar plé rialta le U2 agus Cistí na hÉireann trí thuairisciú struchtúrach agus chruinnithe seicphointe straitéisigh. I dteannta leis an bplé, thug ár gcuid Ambasadóirí Óga léirithe le haghaidh ár gcuid comhpháirtithe ag imeachtaí éagsúla.

Bhí cruinnithe rialta ag an OFN leis an Roinn Oideachais, thug sé tuairiscí struchtúrtha agus chomhlíon sé comhaontú 2023 um bhaint amach na feidhmíochta. D'fhreastalaíomar freisin ar an gcruinniú bliantúil le Coiste an Roinn Oideachais um Oideachas Ceoil Neamh-Phríomhshrutha ag deireadh 2023.

Leanamar orainn ag forbairt ár gcomhpháirtíochta leis an gComhairle Ealaíon a chómhaoiníonn ár gCiste Cruthaitheachtaagus Comhair. Bhí dhá chéim de chomhpháirtíocht againn go dtí seo agus síneadh an dara céim beagáinín mar gheall ar an bpaindéim. In 2022, chuireamar tús le hathbhreithniú neamhspleách ar an gcomhpháirtíocht sin a rinneadh ag Sound Connections, comhairleacht atá bunaithe sa RA agus arb í forbairt ceoil óige a réimse saineolais. Tugadh an tuarascáil chun críche ag deireadh 2023.

Ghlacamar páirt i gceiliúradh Bhanc Mheiriceá ar an gcomhpháirtíocht agus leanamar ar aghaidh lenár bplé i rith na bliana.

Freisin leanamar ar aghaidh lenár bplé le hÉire Ildánach trí rannpháirtíocht áitiúil i gCruinniú na nÓg, léiriú na n-Ambasadóirí Óga ag seoladh Phlean 2023–2027 don Óige Chruthaitheach.

# Cuspóir 6

Leanfaimid orainn ag **tabhairt léargais agus eolais** don Roinn Oideachais agus do chomhpháirtithe áitiúla i dtaobh na n-acmhainní daonna agus na n-acmhainní cuí eile a bheidh ag teastáil chun **cláir ardchaighdeáin ar an oideachas ceoil taibhléirithe a chur ar fáil.**

I gcomhar le BOOnna, leanann an ONF air ag athbhreithniú sholáthar acmhainní d'fhórsa saothair Music Generation. Tá sé mar aidhm againn a thuiscint conas is féidir le hacmhainn foirne agus le hacmhainní daonna tacú le hinbhuanaitheacht agus le caighdeán an tsoláthair maidir le cláir áitiúla.



**Music Generation Thiobraid Árann**
*Féile Phádraig*
Grianghraf le Dave Keegan

# Cuspóir 7

Leanfaimid orainn ag cinntiú go n-oibreoidh **Oifig Náisiúnta Forbartha Music Generation go héifeachtach** de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil.

In 2023, bhí 11 bhall foirne ag an OFN sna réimsí seo a leanas: Airgeadas, Cumarsáid, Oibríochtaí agus Cáilíocht, Tacaíocht agus Forbairt. Leanamar orainn ag tacú le agus ag forbairt saineolais inár bhfoireann trí dheiseanna leanúnacha FGL agus oiliúna a thabhairt agus 4% de chostais foirne an OFN infheistithe in 2023.

Freisin leanamar orainn ag feabhsú ár bpróiseas, amhail ár gcuid córas airgeadais, próisis an Chiste Cruthaitheachta agus Comhair, ár bplean oibre agus ár dtuairisciú straitéiseach. Leanamar orainn ag athbhreithniú agus ag beachtú na bpróiseas sin agus déanfaimid iniúchadh ar thorthaí na n-athruithe sin chun leanúint ar aghaidh ag feabhsú na caoi a ndéanaimid rudaí in 2024 agus ina dhiaidh.

**Premiere Aintiún ETB**
*Amhránaithe óga in Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí leis an gCraoltóir Ellen Cranitch agus Paddy Lavelle, Rúnaí Ginearálta ETBI*
Grianghraf le Jim Coughlan



## Abhcóideacht

**Sprioc:** Déanfaimid abhcóideacht do lucht sprice lárnach ar son cheart gach linbh agus duine óig deis a bheith acu bheith rannpháirteach san oideachas ceoil taibhléirithe.

# Cuspóir 8

Leanfaimid orainn ag **ardú feasachta ar luach an oideachais ar an gceol taibhléirithe** i saol leanaí agus daoine óga.

Cruthaíodh Straitéis Chumarsáide chun tacú le Sprioc Abhcóideachta Music Generation agus leanúint ar aghaidh ag ardú feasachta do mhisean Music Generation.  Dhíríomar ar ról a thabhairt do leanaí agus dhaoine óga inár scéalaíocht agus féiniúlacht bhranda Music Generation a fhorbairt le plé leis an lucht sprice a mhéadú. I measc gnéithe lárnacha den straitéis bhí:

- **Ár gcuid cainéal digiteach a úsáid le leanaí agus daoine óga a chumhachtú agus** spás a thabhairt dóibh a gcuid eispéireas agus scéalta maidir le Music Generation a roinnt

- **Eispéiris speisialta agus spreagúla a chruthú** do leanaí agus dhaoine óga agus tacú le forbairt Imeachtaí Náisiúnta in 2024

- **Féiniúlacht náisiúnta branda Music Generation a fhorbairt agus a fheabhsú** chomh maith lenár gcumarsáid dhigiteach.

    - In 2023 mhéadaíomar ár dtrácht chuig an láithreán gréasáin faoi 14% agus ár gcuid leantóirí ar na meáin shóisialta faoi 8.6%


    - Ritheamar comórtas poiblí chun lógó a dhearadh le daoine óga chun féiniúlacht nua branda a chruthú le haghaidh ár gcuid imeachtaí náisiúnta in 2024

## Comórtas Deartha um Lógó Music Generation

Chun ullmhú le himeachtaí Náisiúnta 2024, d'iarramar ar leanaí agus dhaoine óga ar fud na hÉireann lógó nua a dhearadh. Chuir scoileanna, moil óige agus cláir Music Generation ar fud na tíre isteach smaointe, saothar ealaíne agus dearaí. Roghnaíodh triúr ealaíontóirí óga le comhoibriú le dearthóirí grafaicí chun féiniúlacht nua a chruthú le húsáid le haghaidh na gceiliúrthaí ar fud na tíre in 2024. Bhí na healaíontóirí a cuireadh ar an ngearrliosta ina gceoltóirí óga ó chláir Music Generation i Lú agus i bPort Láirge.

Leanamar orainn ag insint ár scéil le páirtithe leasmhara agus le lucht sprice lárnach trí thaifeadadh físe, thuairiscí agus thaibhléirithe. Freisin chomhordaigh an ONF taibhléirithe na n-Ambasadóirí Óga le leanaíagus daoine óga in 2023.

Leanamar orainn ag fógairt taibhléirithe áitiúla i rith na bliana trí ríomhphost agus fheachtais fhógraíochta, fhíseáin , tríd na meáin shóisialta agus agallaimh le leanaí agus daoine óga.



**Music Generation Phort Láirge**
*SoundCrowd '23*
Grianghraf le DGM Photography

"Bhí sé iontach aithne a chur ar ghairmithe agus aiseolas i bpearsa a fháil faoinár gcuid iarrachtaí. Eispéireas uathúil é á gcuid tuairimí a chur in iúl i dtionscadal chomh mór, míle buíochas le Music Generation as an deis iontach"

Maebh, Seinnteoir óg Trumpa agus Consairtín
**Music Generation Phort Láirge**

# Cuspóir 9

**Spreagfaimid agus éascóimid abhcóideacht faoi stiúir leanaí agus daoine óga** ar son a gcuid mianta le haghaidh agus a dtaithí ar, luach an oideachais ar an gceol taibhléirithe ina saol.

In 2023, leanamar orainn ag athbhreithniú deiseanna rannpháirtíochta do leanaí agus dhaoine óga. Chuimsigh sé sin comhordú ar chruthú ábhar faoi stiúir leanaí agus daoine óga chun a gcuid scéalta a insint trí thaifead físeáin agus cainéal ar líne. Freisin d'oibríomar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun deiseanna léirithe a chruthú. Leanamar orainn ag cothú caidreamh le hionadaithe lárnacha san earnáil, amhail Oifig an Ombudsman do Leanaí agus an Children's Rights Alliance.

Chun ullmhú le hImeachtaí Náisiúnta Music Generation in 2024, reáchtálamar comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga ó chláir Music Generation chun a gcuid tuairimí agus a rannpháirtíocht a chuimsiú i ngnéithe lárnacha lenar áiríodh an teideal, an fhéiniúlacht bhranda agus na cláir.




**Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath**
*Cainteanna Leanaí Oifig an Ombudsman do Leanaí*
Grianghraf le Maxwell Photography

# Cuspóir 10

## Leanfaimid orainn ag **gabháil do thaighde agus ag bunú ár n-abhcóideachta ar fhoghlaim fhianaise-bhunaithe.**

Díríodh ár dtaighde in 2023 ar fhoghlaim gnímh trínár dtionscnamh PfC, athbhreithniú ar Rannpháirtíocht CYP agus measúnú neamhspleách ar chomhpháirtíocht na Comhairle Ealaíon. Treoróidh na gníomhartha sin forbairt ár straitéis taighde in 2024.

**Music Generation Uíbh Fhailí**
*Oscailt Oifigiúil Ionad Ealaíon na hEascrach leis an Uachtarán Michael D Higgins agus leis na hEalaíontóirí Tolü Makay agus Donal Lunny*
Grianghraf le Paul Moore Photography





**Féile Ceoil Óige Subsounds**
Grianghraf le Chiznics Photography

# Bord Music Generation agus Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation

# Bord

Rialaítear Cuideachta Gníomhaíochta Sonraithe (CGS) Music Generation, a bunaíodh mar fhochuideachta ag Cuideachta Theoranta Music Generation ag Bord Stiúrthóirí ar a bhfuil deichniúr comhaltaí. **Ba iad Comhaltaí Boird Music Generation** in 2023:

## Leo Blennerhassett

Cathaoirleach, Comhairleoir Bainistíochta agus Iar-Stiúrthóir Bainistíochta ar Accenture Ireland

## Pat Burke

Iar-Ard-Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais. Rúnaí Choimisiún na Scrúduithe Stáit ó 2015 go 2023

## Anna Marie Delaney

Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Uíbh Fhailí

## John Kelly

Scríbhneoir, Craoltóir, agus SONY, EMA, scríbhneoir, Craoltóir, agus buaiteoir gradam SONY, EMA, agus PPI

## Joe Cunningham

Iar-Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

## Deirdre McCrea

Comhairleoir Ealaíon Neamhspleách agus iar-POF Music Network

## Mel Mercier

Ollamh Emeritus sna Taibhealaíona, Acadamh Domhanda Ceoil agus Rince na hÉireann, Ollscoil Luimnigh

## James Morris

Bunaitheoir Stiúideonna Windmill Lane, Windmill Lane Pictures, The Mill (Londain), agus Príomhthionscnóir maidir le bunú TV3. Ag obair faoi láthair ar fhorbairt tionscnaimh um sheirbhísí digiteacha um léiriú scannáin agus teilifíse

## An Dr Méabh Ní Fhuartháin

Ceann Aonaid, Ionad an Léinn Éireannaigh, Ollscoil na Gaillimhe (ó Bhealtaine 2023)

## Chantal O'Sullivan

Díoltóir seandachtaí, comhalta de Bhord Nua-Eabhrac de Chumann Seoirseach na hÉireann, comhalta boird de Chistí na hÉireann agus Teach Glucksman Ireland i Nua-Eabhrac

# Foireann

Seo a leanas baill foirne **an Oifig Forbartha Náisiúnta de chuid Music Generation** in 2023:

## Rosaleen Molloy
An Stiúrthóir Náisiúnta

## Anita Butler
Oifigeach Airgeadais agus Riaracháin (go dtí Feabhra 2023)

## Mairéad Duffy
Bainisteoir Tacaíochta CÁOC

## Cathriona Grange
Bainisteoir Oibríochtaí

## Helen Grant
Bainisteoir Airgeadais

## Paul Markey
Oifigeach Riaracháin

## Stephen McFarlane
Bainisteoir Tacaíochta CÁOC (go dtí Meitheamh 2023)

## Rebecca Murphy
Oifigeach Cumarsáide agus Mhargaíochta

## Margaret O'Sullivan
Ceann Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha

## Maura Philpott
Cúntóir Airgeadais (ó Mhárta 2023)

## Aoife Ruth
Bainisteoir Anailíse agus Tuairiscithe (go dtí Deireadh Fómhair 2023)

## Helen Shyne
Oifigeach Cumarsáide Straitéisí agus Margaíochta




# Rialachas

**Music Generation Phort Láirge**
*Seedlings*
Grianghraf le Zena O'Brien, Zvisuals

## Mar a Oibríonn an Bord

Tá Bord Stiúrthóirí CGS Music Generation ina bhord neamhfheidhmiúcháin agus neamhspleách. Tagann comhaltaí boird as cúlraí éagsúla agus tógann siad leo raon de thaithí agus scileanna, lena n-áirítear saineolas fairsing ealaíonta, oideachais, gnó agus cultúrtha.

I dteannta a chéile, tá siad freagrach as ceannaireacht a sholáthar, straitéis a fhorbairt, riosca a aithint agus a mhaolú, agus as monatóireacht ar bhuiséid agus thorthaí na heagraíochta. Roghnaítear comhaltaí boird ar aon dul le comhdhéanamh DAC Music Generation agus gabhann gach comhalta boird nua do phróiseas fairsing ionduchtúcháin. Freisin coinnítear comhaltaí boird ar an eolas faoi aon cheanglais nua rialachais nó reachtaíochta i gcás ina thagann siad chun cinn. Tá teorainn 3-bliana leis an tréimhse agus is é 3 thréimhse an t-uasmhéid.

Tá próisis oibriúcháin agus rialachais i bhfeidhm ag Music Generation le cinntiú:

> **Go n-oibríonn sé ar bhealach oscailte agus trédhearcach**

> **Go gcomhlíonann sé a chuid freagrachtaí reachtúla agus dlíthiúla**

> **Go gcloíonn sé le oibleagáidí rialachais a chuid maoinitheoirí agus deontóirí**

Treoraítear Music Generation ag straitéisí náisiúnta ábhartha, ag beartais Rialtais, agus ag an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cloíonn Music Generation leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta do Charthanais (RCMC).

Rialaítear CGS Music Generation le Bunreacht agus tá a Bord Stiúrthóirí geallta chun na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach a chomhlíonadh, lena n-áirítear cloí le Cód Rialachais na gCarthanas de chuid Rialaitheoir na gCarthanas.

## Minicíocht na gCruinnithe Boird agus Coiste

Bíonn Cruinnithe Boird ar siúl 8–10 n-uaire in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe ag coistí níos lú den Bhord maidir le hábhair áirithe amhail Acmhainní Daonna, Iniúchóireacht agus Riosca, agus an Ciste Cruthaitheachta agus Comhair.

## Ráiteas faoi Bhearta Bainistíochta Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i bhfeidhm ag Bord Music Generation a dhéanann maoirseacht ar Chlár Rioscaí na Cuideachta agus a dhéanann monatóireacht ar gach riosca féideartha don eagraíocht.




**Music Generation Chathair na Gaillimhe**
*Féile na gCultúr Siúlach*
Grianghraf le Alice McDowell



# Cúrsaí Airgeadais

**Music Generation An Mhí**
*Taispeántas Samhraidh*
Grianghraf le Barry Cronin

## Achoimre ar Fhigiúir 2023

Ba ionann **Ioncam iomlán** CGS Music Generation le haghaidh 2023 **agus €7,385,615**.

Fuarthas maoiniú lárnach de €400,257 ó Chistí na hÉireann agus fuarthas €6,885,000 ón Státchiste tríd an Roinn Oideachais.

Freisin fuair Music Generation €100,000 trína chomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon agus ioncam éarlaise de €358.

Clúdaíonn na cistí a leithdháiltear do CGS Music Generation costais chaiteachais do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil agus chostais reatha an Oifig Náisiúnta Forbartha.


Cuireann CGS Music Generation maoiniú ar fáil do Phríomh-Chomhpháirtithe nuair atá an méid coibhéiseach ardaithe ag na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil (CÁOCanna) trí mhaoiniú meaitseála arna ghiniúint go háitiúil. As an €7,347,994 a d'ardaigh Príomh-Chomhpháirtithe in 2023, cuireadh €1,270,763 ar fáil mar Thacaíocht Chomhchineáil. Aithnítear leis sin an ranníocaíocht mhór ag gach Limistéar CÁOC do chóiríocht oifige, forchostas agus foireann riaracháin a theastaíonn chun tacú le cláir Music Generation.



**Music Generation Cheatharlach**
*Music @ Mount Leinster*
Grianghraf le DGM Photography

## Ioncam iomlán le haghaidh chláir Music Generation

**50%**
Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Cheoil



**3%**
An Chomhairle Ealaíon U2 agus Cistí na hÉireann Eile

**47%**
An Roinn Oideachais

## Caiteachas Iomlán le haghaidh chláir Music Generation



**93%**
Seirbhísí Cláir

**7%**
Costais reatha an Oifig Náisiúnta Forbartha

# Aguisíní

## Aguisín A

### Ballraíocht agus Freastal ar Chruinnithe Boird

| | 07 Feabh | 14 Már | 17 Aib | 10 Beal | 26 Beal | 24 Iúil | 24 Lún | 12 M.F. | 17 D.F. | 19 Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Leo Blennerhassett** | ● | ● | | ● | ● | | ● | ● | ● | ● |
| **Pat Burke** | | ● | ● | ● | | | ● | ● | | |
| **Joe Cunningham** | ● | ● | ● | ● | | ● | | ● | ● | |
| **Anna Marie Delaney** | ● | ● | | | ● | ● | | ● | ● | ● |
| **John Kelly** | ● | ● | | ● | ● | ● | | ● | | ● |
| **Deirdre McCrea** | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● |
| **Mel Mercier** | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | | ● |
| **James Morris** | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| **Méabh Ní Fhuartháin** | N/B | N/B | N/B | N/B | ● | ● | ● | | ● | ● |
| **Chantal O'Sullivan** | ● | | ● | | ● | | ● | ● | | |

### Ballraíocht agus Freastal ar Chruinnithe Boird

| Coiste um Bhainistiú Iniúchóireachta & Riosca | 17 Beal | 12 M.F. |
|---|---|---|
| **Leo Blennerhassett** | ● | ● |
| **Pat Burke** | ● | ● |
| **Anna Marie Delaney** | ● | ● |

| Coiste AD | 23 Feabh | 18 Iúil | 5 Noll |
|---|---|---|---|
| **Joe Cunningham** | ● | | ● |
| **Deirdre McCrea** | ● | ● | ● |
| **James Morris** | ● | ● | ● |

| Coiste um Chiste Cruthaitheachta & Comhair | 15 Már | 29 Beal | 28 Iúil | 10 D.F. | 12 D.F. | 2 Samh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **John Kelly** | ● | ● | N/B | N/B | N/B | N/B |
| **Deirdre McCrea** | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| **Mel Mercier** | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| **Méabh Ní Fhuartháin** | N/B | N/B | ● | ● | ● | ● |

## Aguisín B

### Táillí Stiúrthóra agus Speansais Íoctha le Comhaltaí Boird in 2023

Níor íocadh aon táillí ná speansais stiúrthóra agus le Comhaltaí Boird in 2023.

# Aguisín C

**Ceantair Áitiúla Rannpháirteach i gCláir agus Imeachtaí**

---

## Clúdach tosaigh

Music Generation Lú

## Féile Ceoil Óige Subsounds

Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath
Music Generation Fhine Gall
Music Generation Chill Dara
Music Generation An Mhí
Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas
Music Generation Chill Mhantáin

## Féile Phádraig

Music Generation an Chláir
Music Generation Laoise
Music Generation Thiobraid Árann

## Ceardlann Bhanna Cabhlaigh SAM

Music Generation Contae na Gaillimhe
Music Generation Chiarraí
Music Generation Mhaigh Eo
Music Generation Phort Láirge

Grianghraf clúdaigh:
**Music Generation Lú**
Grianghraf le Dave Keegan

Music Generation

Music Generation is Ireland's National Music Education Programme. A Music Network Initiative, co-funded by U2, The Ireland Funds, The Department of Education and Local Music Education Partnerships

An Roinn Oideachais
Department of Education

CGS Music Generation, Cláraithe in Éirinn; Uimhir Chuideachta: 491331, Uimhir Charthanais: CHY 19679, Uimhir Charthanais Chláraithe: RCN 20077426.